


# Oifig an Ard-Aighne Tuarascáil Bhliantúil 2022



Ina gcuimsítear an Tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm  
Ráiteas Straitéise 2020-2023

# Clár

Brollach ón Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

## Cuid 1: An Oifig

- Réamhrá
- Ról Abhcóidí Comhairleacha
- Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas
- Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Dílódóirí ar Iasacht
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Tuilleadh eolais

## Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise

### Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliain

Sainseirbhís dlí a sholáthar lena sásaítear riachtanais ár gcliain

### Sprioc Straitéiseach 2: Caidrimh a chothú

An bealach ina n-oibrímid agus ina soláthraímid ár seirbhísí a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a chothú go himheánach agus go seachtrach araon

### Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a chothú

Oifig dlí a bheith ionainn atá comhaimseartha, lúfar agus fuinniúil agus acmhainn inbhuanaithe a chothú ar mhaithe lenár gcliain agus ár ndaoine

### Sprioc Straitéiseach 4: Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine

Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus comhoibriú go héifeachtach chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcliain

## Cuid 3: Iarscríbhinní

- Iarscríbhinn A: Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2022
- Iarscríbhinn B: Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2022
- Iarscríbhinn C: Meastacháin agus Torthaí Sealadacha
- Iarscríbhinn D: Ráitis agus Tuarascálacha i leith cleachtais íocaíochta
- Iarscríbhinn E: Miondealú Foirne
- Iarscríbhinn F: Staitisticí Saorála Faisnéise

## Brollach ón Ard-Aighne

Ceapadh mé i m'Ard-Aighne ar an 17 Nollaig 2022 agus, dá bhrí sin, clúdaíonn an Tuarascáil seo bliain a bhí ag teacht chun críche díreach nuair a bhí mé ag cur tús le mo théarma.

Ó chuaigh mé i mbun oifige, áfach, tá tiomantas thar na bearta agus obair chrua fhoireann uile na hOifige (lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) le linn 2022 soiléir dom.

I measc na ndúshlán ar tugadh suntas ar leith dóibh le linn 2022 bhí an cogadh san Úcráin agus an ghéarchéim thithíochta. Tá an dá fhadhb sin ann i gcónaí agus is dúshlán leanúnacha iad don tír. Le linn na bliana lean an Oifig uirthi ag cur seirbhísí dlí ar fáil don Rialtas chun tacú le cur i bhfeidhm a cuid polasaithe chun na géarchéimeanna seo a mhaolú. Ar an gcaoi chéanna, chuir an Oifig seirbhísí dlí ar fáil don Rialtas chun tacú lena straitéisí agus polasaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair le foireann na hOifige le linn mo théarma, ag leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí gairmiúla dlí ar an gcaighdeán is airde dár gcliaint.

Rossa Fanning SC  
An tArd-Aighne

## Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

A Ard-Aighne,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne (ina n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) don bhliain 2022 a chur i láthair, ar tuarascáil í ina dtugtar mionsonraí faoin raon ilchineálach agus méid ollmhór oibre a rinneadh ar fud na hOifige i gcaitheamh na bliana.

Cuimsíonn an tseirbhís a chuireann an Oifig ar fáil an réimse iomlán de ghnó agus de pholasaí an Rialtais, áit ar lean dúshlán nua ag teacht chun cinn i rith na bliana. In 2022, dhéileáil an Oifig le héileamh an-suntasach ar sheirbhísí dlí ónár gcliaint ar fud raon leathan de réimsí ábhair, go háirithe réimsí a bhain leis an gcogadh san Úcráin, le tithíocht agus le cúrsaí aeráide. Thosaigh laghdú ag teacht ar obair a bhain le Covid-19, ar obair í a bhí go mór i gceist le hobair na hOifige in 2020 agus 2021.

I measc na réimsí eile a rinne éileamh ar sheirbhísí na hOifige bhí réimsí a bhain le cosaint sonraí, maoin Stáit agus soláthar poiblí. In 2022, rinne Éire idirghabháil os comhair na Cúirte Breithiúnais i roinnt réamhthagairtí maidir le léirmhíniú agus infheidhmeacht dhlí an AE i roinnt réimsí.

Lean an Oifig dá clár iasachta agus ghlac 44 ball foirne dlí páirt sa chlár in 2022. Lean Abhcóidí Comhairleacha de chomhairle dlí a chur ar fáil ar fud réimse leathan agus ilghnéitheach saincheistanna a bhain le pointí dlí AE, bunreachtúla, idirnáisiúnta agus intíre.

Dhréachtaigh an ODP líon suntasach Billí Rialtais, chomh maith le leasuithe Chéim an Choiste agus na Tuarascála ar na Billí a dhréachtú. I gcaitheamh na bliana, foilsíodh 63 Bille Rialtais agus achtaíodh 52 Bille Rialtais. Chomh maith leis sin, dhréachtaigh an ODP 267 de na hIonstraimí Reachtúla a rinneadh in 2022, ar bhain 44 acu le bearta an Aontais Eorpaigh a thrasú.

Lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit de shainseirbhísí aturnae ar ardchaighdeán a sholáthar, ar seirbhísí iad inar áiríodh nithe a bhain le dlíthíocht, cúrsaí maoin, conarthaí Rialtais agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach ball foirne in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a dtiomantas den scoth maidir leis na seirbhísí dlí a theastaigh óna gcliaint a chur ar fáil dóibh, go minic i gcúinsí an-phráinneacha agus dúshlánacha.

Damien Moloney  
Ard-Stiúrthóir

Cuid 1  
An Oifig

## Réamhrá

Is é an tArd-Aighne comhairleoir dlí an Rialtais, mar a fhoráiltear in Airteagal 30 den Bhunreacht. Cabhraíonn an Oifig, a chuimsíonn trí chomhghné: na hAbhcóidí Comhairleacha don Ard-Aighne agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas ("OAA") agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ("OPAS"), leis an Ard-Aighne comhairle dlí a chur ar fáil don Rialtas. Áirítear leis seo comhairle d'Airí, do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí áirithe eile; dréachtú reachtaíochta; ionadaíocht an Stáit i ndlíthíocht agus comhlíonadh roinnt feidhmeanna eile, go háirithe feidhmeanna reachtúla.

Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, dá Ranna agus dá Oifigí ar an mbealach is eacnamaíche agus is éifeachtúla is féidir agus tacú le cloí le rialail an dlí. Is í ár bhfís barr feabhais a spreagadh inár ndaoine, a bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairtí dlí agus seirbhís gan sárú a sholáthar dár gcliaint. Cosúil le haon Roinn nó Oifig eile, ní mór don Oifig iarracht a dhéanamh freisin a misean a chomhlíonadh laistigh de na hacmhainní a chuireann an tOireachtas ar fáil di. Chuige sin, cé go bhfuil éilimh níos mó ná riamh ag baint le gnéithe uile na hOifige, tá fáilte roimh an infheistíocht bhreise ina hacmhainní foirne a cuireadh ar fáil le déanaí.

Tá an OAA lonnaithe i dTithe an Rialtais ag Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, áit a raibh 137 ball foirne fostaithe ar an 31/12/2022. Cuimsíonn an fhoireann Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, foireann riaracháin agus tacaíochta agus foireann Leabharlainne agus Saineolais. Tá an OPAS lonnaithe ar Shráid na gCaorach Bheag agus Lána na Seansaíochta agus bhí 325 ball foirne fostaithe ann ar an 31/12/2022, lena n-áirítear aturnaetha agus oifigigh feidhmiúcháin dlí chomh maith le foireann riaracháin agus foireann Leabharlainne agus Saineolais.

Is é an tArd-Aighne príomhoifigeach dlí an Stáit agus is í an Oifig príomhoifig dlí an Stáit. Léiríonn an raon oibre san Oifig raon feidhme iomlán ghnó agus pholasaí an Rialtais, lena n-áirítear imeachtaí gan choinne as a dtagann iarratais ar chomhairle dlí, dréachtú reachtaíochta príomhúla agus tánaistí agus cosaint imeachtaí cúirte. Déileáiltear le saincheistanna dlí a gcuirtear ina gcoinne go láidir agus atá íogair i réimsí amhail dlí an AE, inimirce, oideachas, cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil. Cuireann an Oifig comhairle dlí tráchtála agus seirbhísí idirbheartaíochta dlíthiúla ar fáil freisin don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí i réimsí an tsoláthair phoiblí, na gconarthaí, na státchabhrach, na maoine Stáit agus na maoine intleachtúla. Tugann sí comhairle freisin ar go leor gnéithe de dhlí fostaíochta an Stáit amhail ceapachán, smacht agus pinsin.

Tá tuiscint dhomhain ag an Oifig ar an tseirbhís phoiblí, ar an Rialtas agus ar an bpróiseas reachtach agus ardleibhéal cuimhne chorparáideach agus saineolas corparáideach. Glacann sí páirt i líon mór coistí, meithleacha agus líonraí gairmiúla a

bhaineann leis an tseirbhís phoiblí, gairm an dlí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is gá go n-eascaíonn neamhspleáchas na hOifige ó ról bunreachtúil an Ard-Aighne, agus tacaíonn cultúr agus luachanna na hOifige, chomh maith le nádúr láraithe sheirbhís dlí an Rialtais, leis an neamhspleáchas sin. Eascaíonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí as ról lárnach na hOifige go háirithe nuair a bhíonn gá le cur chuige uile-Rialtais.

Éilíonn nádúr dinimiciúil na hoibre, le síor-athruithe ar dhlí na hÉireann, na hEorpa agus an dlí idirnáisiúnta agus i gcúinsí agus riachtanais, Oifig fhreagrúil agus comhlíonadh na gcaighdeán seirbhíse gairmiúla agus poiblí is airde.

## Ról na nAbhcóidí Comhairleacha

Is é príomhdhualgas na nAbhcóidí Comhairleacha cuidiú leis an Ard-Aighne a fheidhmeanna, a chumhachtaí agus a dhualgais a chomhlíonadh. Tá réimse na n-ábhar a chlúdaítear chomh leathan le sainchúram an Rialtais, ach tagann na gníomhaíochtaí féin, a bheag nó a mhór, faoi thrí chatagóir –

- soláthar comhairle dlí
- dlíthíocht a stiúradh
- comhairle dlí maidir le seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Roinntear Abhcóidí Comhairleacha i gcúig shainghrúpa agus oibríonn siad go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas, ag tabhairt comhairle maidir le saincheisteanna dlí i ndréachtú reachtaíochta, agus an OPAS, ag tabhairt comhairle maidir le stiúradh dlíthíochta agus ábhair chomhairleacha dlí eile. Oibríonn na hAbhcóidí Comhairleacha go dlúth freisin le habhcóidí seachtracha nuair is gá.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcúnamh a chuirtear ar fáil don Ard-Aighne roimh chruinnithe an Rialtais e.g. comhairle a thabhairt an gcomhlíonann cinneadh nó scéim reachtach atá beartaithe ag an Rialtas forálacha an Bhunreachta, na reachtaíochta, na gConarthaí agus dhlí an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire leo.

## Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Cuireann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais ("an ODP") seirbhís dhréachtaithe reachtaíochta ghairmiúil ar fáil don Rialtas.

Déanann sainlíodóirí an ODP (ar a dtugtar Dréachtóirí Parlaiminte) reachtaíocht phríomha (Billí Rialtais) agus roinnt reachtaíocht thánaisteach (ionstraimí reachtúla lena n-áirítear rialacháin agus orduithe Rialtais) de chastacht agus de phráinn éagsúil a dhréachtú chun polasaí an Rialtais a léiriú agus chun reachtaíocht an AE a thrasú i ndlí na hÉireann.

Tá an ODP freagrach freisin as leasuithe Rialtais ar Bhillí (lena n-áirítear Billí Comhaltaí Príobháideacha) a dhréachtú ag Céim an Choiste agus ag Céim na Tuarascála de dhul chun cinn Bille trí Thithe an Oireachtais.

Cuireann obair an ODP ar chumas an Rialtais a gClár Reachtaíochta a chur i bhfeidhm agus téann an ODP i ndlúthchaidreamh le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le Billí a dtugann an Rialtas tosaíocht dóibh.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar an ODP agus tá sí roinnte i gceithre ghrúpa dréachtaithe. Tá dréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla do na 18 Roinn roinnte i measc na ngrúpaí dréachtaithe, le gach grúpa ag déileáil le roinnt Ranna sonraithe.

Cuirtear oiliúint go hardleibhéal ar Dhréachtóirí Parlaiminte sa disciplín maidir le reachtaíocht a dhréachtú, reachtaíocht nach mór di polasaí an Rialtais a léiriú, a bheith fónta ó thaobh an Bhunreachtá de, an córas dlí níos leithne a chur san áireamh agus a bheith soiléir agus éifeachtach.

## Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is í an OPAS príomhsholáthraí na Seirbhísí Aturnae don Ard-Aighne agus don Rialtas. Cuireann an OPAS raon leathan seirbhísí dlí ar fáil don Ard-Aighne agus do Ranna agus Oifigí, ar fud cúig Rannán dlí - an Rannán Dlí Riaracháin; an Rannán um an Dlí Comhairleach, Tráchtála & Fostaíochta; an Rannán Dlíthíochta Bunreachtúil & Stáit; an Rannán Dlí agus Cirt; agus an Rannán Maoine Stáit. Cuirtear seirbhís dlí iomlán aturnae comhairleach, dlíthíochta agus idirbheartaíochta ar fáil thar raon leathan réimsí lena n-áirítear:

- dlíthíocht bhunreachtúil, shibhialta agus tráchtála a bhaineann le Ranna Rialtais, Oifigí Rialtais agus an Garda Síochána
- athbhreithniú breithiúnach (ginearálta agus a bhaineann le hinimirce agus tearmann)



- dlíthíocht chomhshaoil agus soláthair
- ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát os comhair na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Eorpaí um Chomhlachas Saorthrádála
- eiseachadhadh, Barántas Gabhála Eorpach agus dlíthíocht Cúnaimh Fhrithpháirtigh
- dlíthíocht fostaíochta
- ionchoisní agus Ionchúisimh ón Aire
- airgead calaoiseach nó airgead a fuarthas go coiriúil a aisghabháil
- éilimh thortacha
- iarratais habeas corpus
- ionadaíocht a dhéanamh do chliaint i gcomhréitigh agus in eadrána agus os comhair Binsí Fiosrúcháin agus Coimisiúin Imscrúdaithe
- seirbhís tíolactha idirbheartaíochta do Ranna Rialtais agus don OOP
- léasú agus ceadúnú tráchtála agus cúrsaí tiarnaí talún agus tionóntaí
- urrús ar mhaoin chun infheistíochtaí caipitil an Stáit a chosaint
- maoin réadach agus phearsanta a chineadh chuig an Stát faoin Acht Maoine Stáit, 1954, agus faoin Acht Comharbais, 1965
- seirbhísí iomlána soláthar poiblí idirbheartaíochta agus dlí tráchtála don Oifig um Sholáthar Rialtais agus Ranna Rialtais.

## Dlíodóirí ar Iasacht

Ar an 31/12/2022 bhí 37 Abhcóide Comhairleach ar iasacht mar Chomhairleoirí Dlí intí chuig 16 Roinn Rialtais. Ina theannta sin, tugadh Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht do Bhuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach. Tá baint ag Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht le gach mórcheist dlí laistigh de Ranna agus cuireann siad comhairle dlí ar fáil go díreach do Ranna. Feidhmíonn siad mar nasc idir an Roinn agus Oifig an Ard-Aighne.

In 2022, tugadh seachtar aturnaetha OPAS ar iasacht do chomhlachtaí eile, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, an Roinn Oideachais, an Roinn Cosanta, Ionchoisne Stardust, an Roinn Dlí agus Cirt, Coimisiúin Imscrúdaithe agus an Binse Fiosrúcháin um Nochtuithe.

## An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Maoinítear an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí go hiomlán ó vóta an OAA<sup>1</sup>. Is comhlacht reachtúil é a bunaíodh leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Is é an ról atá aige ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí iarmhartacha a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách. Cuirtear clár an Choimisiúin i gcrích go

---

<sup>1</sup>Airgead do sheirbhísí an OAA a vótálann an Dáil ar bhonn bliantúil.

príomha faoi chlár athchóirithe dlí atá faofa ag an Rialtas. Oibríonn an Coimisiún freisin ar ábhair shonracha a chuireann an tArd-Aighne faoina bhráid faoi Acht 1975.

## Tuilleadh Eolais

Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis an OAA agus an OPAS, tabhair cuairt ar ár suíomhanna gréasáin ag [Oifig an Ard-Aighne](#) agus [Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit](#).

## Cuid 2

### Baint Amach Spriocanna Straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise<sup>2</sup>

---

<sup>2</sup> Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2020-2023

## Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliainnt

### Sainseirbhís dlí a sholáthar lena sásaítear riachtanais ár gcliainnt

#### **Cuspóir 1: Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar lena sásaítear riachtanais ár gcliainnt**

Is iad príomhróil na nAbhcóidí Comhairleacha comhairle dlí a chur ar fáil – lena n-áirítear comhairle ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i Ranna ar fud an Rialtais, agus comhairle dlí maidir le reachtaíocht a dhréachtú agus maidir le dlíthíocht a stiúradh. Tá sampla den obair a rinneadh faoi gach ceann de na ceannteidil seo leagtha amach thíos.

#### **Comhairle dlí do Ranna agus Oifigí cliainnt**

Chuir an Oifig comhairle ar an Aire Dlí agus Cirt maidir le hábhair a bhain le pleannanna an Rialtais chun tograí a thabhairt chun cinn le haghaidh scéim chun go bhféadfaí neamhaird a dhéanamh ar chiontuithe coiriúla maidir le gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil idir fir. Rinneadh gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil idir fir a dhíchoiriú in 1993. Aithnítear anois gur maslú ar dhínit an duine é gníomhaíocht den sórt sin a choiriúlú. Tá Meitheal bunaithe chun moltaí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt maidir le cruth scéime le neamhaird a thabhairt ar na ciontuithe seo. Cuimsíonn an Mheitheal ionadaí ón OAA.

I measc an iliomad réimsí inar chuir an Oifig comhairle phráinneach agus thábhachtach ar fáil mar thoradh ar an gcoimhlínt leanúnach san Úcráin, thug an Oifig comhairle maidir le Léiriú na reachtaíochta Grinnfhiosrúcháin mar a bhí feidhm aici maidir leo siúd a raibh gealltanais tugtha acu lóistín a chur ar fáil do dhídeanaithe ón Úcráin.

Tá an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 ag teacht in ionad chóras na gcoimircí cúirte atá ann cheana féin le córas de chinnteoireacht chuidithe do dhaoine fásta leochaileacha atá bunaithe ar chearta an duine. Cuireadh tús le hAcht 2015 in 2023, tar éis Acht leasaithe a achtú a nuashonraíonn agus a neartaíonn an córas nua. Cuireadh comhairle shuntasach ar fáil maidir le roinnt saincheisteanna casta dlíthiúla laistigh de thréimhse phráinneach le linn dhréachtú tosaíochta an Achta leasaithe, lena n-áirítear i ndáil le: (i) na himpleachtaí a bhaineann le forálacha a aisghairm lena gceanglaítear údarú na hArd-Chúirte chun treoir réamhchúraim sláinte maidir le bean atá ag iompar clainne a chur i bhfeidhm, tar éis aisghairm an 8<sup>ú</sup> leasú ar an mBunreacht; (ii) réiteach sealadach chun údarú a thabhairt saoirse a bhaint de dhaoine i suíomhanna sláinte agus cúraim shóisialta nach bhfuil cumas acu a luaithe a chuirtear deireadh le coimircíocht; (iii) paraiméadair dhlíthiúla a leagan amach maidir le réiteach fadtéarmach chun díothaithe saoirse a údarú i suíomhanna den sórt sin. Chinntigh

soláthar tráthúil sainchomhairle ón OAA go gcomhlíonfar an amlíne maidir le coimircíocht a aisghairm agus tús an chórais nua, agus cinntítear freisin go gcoinnítear dul chun cinn ar reachtaíocht chomhlántach lena mbunaítear coimircí cailte saoirse.

Cuireadh iliomad comhairle dlí ar réimse saincheisteanna soláthair phoiblí ar fáil do chliaint Rialtais lena n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais (“an OSR”). Tugadh comhairle dlí soláthair phoiblí maidir le soláthar éigeandála cóiríochta do dhaoine a dteastaíonn cosaint shealadach uathu ón gcogadh san Úcráin. Tugadh comhairle thábhachtach agus rinneadh teagmháil shuntasach leis an gCoimisiún Eorpach maidir le hidirghníomhaíocht Státchabhrach agus soláthar poiblí chun a chinntiú go leanfar go dleathach le príomhsheirbhísí sláinte poiblí.

Tugadh comhairle shuntasach dlí ar impleachtaí Státchabhrach an AE maidir le hinfreastruchtúr poiblí agus tionscadail tithíochta amhail Scéim Croí Cónaithe agus soláthar tacaíochtaí airgeadais don fhreagairt ar ghéarchéim na hÚcráine agus ar ghéarchéim an chostais maireachtála.

Mar thoradh ar chúrsaí sa mhargadh tithíochta bhí gá le comhairle dlí i leith roinnt nithe. Mar shampla ar leith, tugadh comhairle shuntasach maidir le saincheisteanna bunreachtúla agus dlíthiúla eile a tháinig chun cinn i ndáil leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Dátaí Foirceanta Tionóntachtaí Áirithe a Iarchur), 2022, a d'fhoráil nach dtiocfadh fógraí áirithe maidir le foirceannadh tionóntachtaí i bhfeidhm le linn “tréimhse éigeandála gheimhridh” idir an 29 Deireadh Fómhair 2022 agus an 31 Márta 2023.

### **Comhairle dlí maidir le dlíthíocht (*féach freisin Cuspóir 4 thíos maidir le dlíthíocht a bhainistiú*)**

Tá comhairle curtha ar fáil ag an Oifig agus tá sí ag leanúint ar aghaidh ag cur comhairle ar fáil maidir le roinnt cásanna atá faoi achomharc faoi láthair. Ina measc sin tá:

- Cinneadh míbhunreachtúil ag an Ard-Chúirt maidir le foráil freaschuir dualgas cruthúnais sa chion éignithe reachtúil a bhaineann le leanaí *CW v an tAire Dlí agus Cirt [2022] IEHC 336*. Rinneadh achomharc air seo chuig an gCúirt Uachtarach.
- Breithiúnas na Cúirte Achomhairc in *Emmett Corcoran And Oncor Ventures Limited ag trádáil mar The Democrat v Coimisinéir an Gharda Síochána Agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2022] IECA 98 [2022] IECA 98* i ndáil le hidirghníomhú urghabhála agus cuardaigh feistí leictreonacha in imscrúduithe coiriúla ag an nGarda Síochána le príobléid iriseoireachta. Rinneadh achomharc air seo chuig an gCúirt Uachtarach.
- Cinneadh Ard-Chúirte i gCás comhairleach Sonraithe - *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (ar agra an Gharda Liam Varley) v. Ciarán Davitt*, a raibh

tionchar suntasach aige ar oibriú imeachtaí coiriúla sa Chúirt Dúiche as a dtáinig reachtaíocht éigeandála, Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2022. Táthar ag fanacht le breithiúnas ón gCúirt Uachtarach i leith achomhairc scoite ón Stát.

Thug an Oifig comhairle freisin ar Iarratas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a thug 6 saoránach óga ón bPortaingéil i gcoinne na Portaingéile agus 32 Stát eile lena n-áirítear Éire as teip líomhnaithe bearta a ghlacadh chun an t-ardú ar theochtaí aeráide domhanda a theorannú de réir mar a cheanglaítear le Comhaontú Pháras. Líomhnaíonn na hIarratasóirí sáruithe ar Airteagail 2 (Ceart chun na beatha), 8 (An ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh) agus 14 (Toirmeasc ar idirdhealú) den CECD. Is cás uathúil é seo maidir le raon feidhme agus scála agus bheadh impleachtaí suntasacha ag toradh díobhálach a shíneann níos faide ná na saincheisteanna aeráide a ardaíodh sna himeachtaí. Tá an OAA ag obair go dlúth leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun cosaint láidir ar na himeachtaí a chur ar fáil don chliant (an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide), agus na dúshláin thromchúiseacha a bhaineann leis an athrú aeráide á n-aithint ag an am céanna.

Cosnaíodh go rathúil an dúshlán do na Treoirínte Díobhála Pearsanta a ghlac an Chomhairle Bhreithiúnach san Ard-Chúirt i gcás *Delaney v. an Chomhairle Bhreithiúnach*. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt gur feidhmiú bailí a bhí sna Treoirínte ar an gcumhacht a tugadh faoin Acht um Chomhairle Bhreithiúnach, 2019 agus nár chuir siad isteach ar cheart gearánaí rochtain a fháil ar na cúirteanna do chúiteamh as díobhálacha pearsanta.

I gcás na Cúirte Uachtaraí *Donnelly v an tAire Coimirce Sóisialaí* d'éirigh leis an Stát cosaint rathúil a dhéanamh ar dhúshlán a tugadh i leith bunreachtúlacht codanna áirithe den reachtaíocht leasa shóisialaigh. Chinn an Chúirt nach raibh an reachtaíocht atá i gceist míbhunreachtúil ná contrártha do phrionsabail an CECD. Leag an Chúirt béim ar phrionsabail scaradh cumhachtaí ag nótaíl i gcúrsaí cánachais agus leasa shóisialaigh go leithdháileann an Bunreacht an phríomhfheidhm a bhaineann le cinní a dhéanamh ar na hionadaithe tofa san Oireachtas.

### **Comhairle dlí maidir le reachtaíocht:**

D'oibrigh Abhcóidí Comhairleacha go dlúth lena gcomhghleacaithe, na Dréachtóirí Parlaiminte, agus reachtaíocht á hullmhú acu in 2022, ag soláthar comhairle dlí, nuair a iarradh sin, ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn. Áiríodh leis sin an phríomhchomhairle dlí maidir le Billí suntasacha a luaitear thíos faoi "Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar a thugann éifeacht do pholasaí an Rialtais". Léiríonn an comhoibriú seo idir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte ar reachtaíocht an bealach a n-oibríonn na grúpaí éagsúla laistigh den Oifig gan stró chun seirbhís atá de shíor ar ardchaighdeán a sholáthar don Rialtas.

Chuir an Oifig comhairle ar fáil ar Bhille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) don Roinn Dlí agus Cirt, maidir le dréachtú reachtaíochta lena rialaítear cumhachtaí an Gharda Síochána Teicneolaíocht Aitheantais Uathoibríoch Uimhirphlátaí, CCTV agus ceamaraí éide a úsáid chun cionta coiriúla a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Déileálann an Bille le saincheisteanna ceannródaíochta teicneolaíochta agus dlí, agus éiríonn leis cothromaíocht a bhaint amach idir príobháideachas agus cearta cosanta sonraí na saoránach agus an gá atá le cumas oibríochtúil an Gharda Síochána a fheabhsú.

Thug an Oifig comhairle freisin ar I.R. Uimh. 38/2022 Rialacháin an AE (An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008) 2022 (lena leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008 agus I.R. Uimh. 44/2022 an tOrdú fán Acht Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008 (Ainmniú na Ríochta Aontaithe), 2022. D'éascaigh an reachtaíocht seo atosú iarratais ar reo agus ar choigistiú amhail idir an Stát agus an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe.

## **Cuspóir 2: Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar a thugann éifeacht do pholasaí an Rialtais**

Dhréachtaigh an ODP líon suntasach Billí Rialtais le linn 2022. Foilsíodh 63 Bille Rialtais (atá liostaithe in Iarscríbhinn A), agus achtaíodh 52 Bille Rialtais (atá liostaithe in Iarscríbhinn B). Dhréachtaigh an ODP leasuithe Coiste agus Céim na Tuarascála ar Bhilí Rialtais freisin. Dhréachtaigh an ODP 267 de na hionstraimí reachtúla a rinneadh in 2022, lena n-áirítear 44 chun críocha bearta AE a thrasú i ndlí na hÉireann.

Ghlac an ODP páirt ghníomhach i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais, ag soláthar tuarascálacha rialta ina sonraítear dul chun cinn maidir le dréachtú Billí tosaíochta agus Billí eile. Chuir an tuairisciú seo ar chumas an Choiste bainistiú, monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais. Thug an ODP eolas rialta don Ard-Aighne (atá ina bhall, agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe, de Choiste Reachtaíochta an Rialtais) maidir le dul chun cinn dréachtreachtaíochta agus saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn an phróisis dréachtaithe.

Chomh maith leis sin, chuaigh an ODP i dteagmháil le cliaint-Ranna maidir le planáil agus bainistiú tionscadal dréachtaithe, lena n-áirítear Billí tosaíochta agus dréachtreachtaíocht eile a d'éiligh siad. Mar chuid dá seirbhís dréachtaithe reachtaíochta, lean an ODP de nósanna imeachta Dearbhaithe Caighdeáin a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm caighdeán agus éifeachtúlacht dhlíthiúil na dréachtreachtaíochta a chosaint agus comhoibriú leanúnach a éascú maidir le heolas agus saineolas dréachtaithe agus dlíthiúil a roinnt.

## **Samplaí de reachtaíocht le linn 2022**

Tugann na samplaí seo a leanas breac-chuntas ar reachtaíocht shuntasach ar dhéileáil an ODP léi.

Bhí ceithre phíosa reachtaíochta príomhúla ar leith ar an margadh leictreachais, a bhain le híocaíochtaí le custaiméirí agus le soláthar a chinntiú, lena n-áirítear an tAcht um Fhorbairt (Giniúint Éigeandála Leictreachais), 2022. Ba reachtaíocht éigeandála í seo a dréachtaíodh agus a achtaíodh laistigh de sheachtain lena bhforáiltear do dhíolúine, trí bhíthin maolaithe, dhá thionscadal giniúna leictreachais éigeandála a theastaíonn go práinneach chun slándáil an tsoláthair leictreachais a chinntiú, ó cheanglais na Treorach MTT. Díchuireann an tAcht an tAcht um Pleanáil agus Forbairt agus bunaíonn sé próiseas toilithe forbartha nua a bhaineann le measúnú malartach a dhéanamh ag an mBord Pleanála chun a chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí na Treorach MTT agus Measúnacht Chuí chun riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh. Déantar an tAcht a fhorlíonadh le Rialacháin chasta ina leagtar amach mionsonraí an chórais iarratais agus measúnaithe saincheaptha do na tionscadail éigeandála seo. Ós rud é gurb é seo an chéad uair ar bhain an Stát leas as an maolú in Airteagal 2(4) den Treoir MTT, bhí an reachtaíocht ina hábhar do chomhairle shuntasach laistigh den tréimhse phráinneach ama ba ghá, chomh maith le píosa mór reachtaíochta a d'éiligh dréachtú reachtach tapa agus láidir.

Is é an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 an píosa athchóirithe reachtaíochta is suntasaí sa dlí toghcháin sa Stát le breis agus 25 bliain. D'éiligh sé comhairle shuntasach dlí ó na hAbhcóidí Comhairleacha. Déantar foráil ann maidir leis an gCoimisiún Toghcháin a bhunú agus leagtar amach a fheidhmeanna ann. Áirítear san Acht freisin forálacha a bhaineann le trédhearcacht fógraí polaitiúla ar líne le linn tréimhsí toghcháin agus sláine toghchán agus reifreann a chosaint i gcoinne bréagaisnéise ar líne, mífhaisnéis ar líne agus iompar slítheánta nó neamhiontaofa ar líne le linn tréimhsí toghcháin agus tréimhsí feachtais toghcháin.

D'éiligh reachtaíocht éagsúil a bhaineann le fostaíocht ionchur comhairleach shuntasach, chomh maith le hobair mhór dréachtaithe. Áiríodh leis seo an tAcht um Shaoire Bhreitheachta, 2022 (chun foráil a dhéanamh do theidlíochtaí reachtúla áirithe ar shaoire bhreitheachta), an tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022 (chun cosaint bhreise a sholáthar d'fhostaithe i ndáil le pá a íoc agus chun foráil a dhéanamh maidir le déileáil le híocaíochtaí deonacha áirithe d'fhostaithe agus d'oibríthe ar conradh) agus an tAcht um Chothromaíocht Saoil Oibre agus Forálacha Ilghnéitheacha (lena dtrasuitear Treoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena ndéantar foráil maidir le teidlíocht fostaíthe socruithe cianoibre a iarraidh).



I measc na réimsí eile inar dréachtaíodh reachtaíocht shuntasach bhí an méid seo a leanas;

- Pleanáil (lena n-áirítear foráil a bhaineann leis an mBord Pleanála, toiliú ionaid, athbhreithniú breithiúnach, agus an tÚdarás Rialála um Limistéar Muirí);
- An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 lenar cuireadh Treoir 2010/13/AE a bhaineann le sábháilteacht ar líne i bhfeidhm agus lenar bunaíodh Coimisiún Na Meán lenar tugadh cumhacht dó seirbhísí áirithe meán ar líne a rialáil;
- Athchóiriú ar an gcreat reachtach don chóras ardoideachais in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022; chomh maith leis an Acht Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu), 2022, chun soláthar breise a dhéanamh i scoileanna aitheanta do leanaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais eile acu;
- Sa réimse eitice, leasaítear leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 reachtaíocht atá ann cheana chun éifeacht a thabhairt do Threoir ón AE maidir le cosaint fheabhsaithe do sceithirí;
- I measc na reachtaíochta a bhain leis an bpaindéim bhí an tAcht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 a thugann éifeacht d'athruithe ar scéimeanna tacaíochta Covid-19 an Rialtais maidir leis na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm an tráth sin agus a dhéanann foráil do shocraíocht chánach na hÍocaíochta Aitheantais Speisialta Paindéime d'oibríthe cúraim sláinte;
- Cuireadh reachtaíocht thánaisteach shubstainteach ar fáil freisin chun Treoracha ón AE a thrasú in earnáil na seirbhísí airgeadais ardrialaithe, lena n-áirítear i réimsí an fhrithsciúrtha airgid agus an nochta éigeantaigh faisnéise;
- Aisghabháil agus sainaitheantais taisí daonna, in imthosca áirithe, curtha i dtalamh a bhain le forais áirithe (An tAcht um Adhlacthaí Forais, 2022);
- Tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine atá easáitithe ón Úcráin (an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022);
- Foráil a dhéanamh do chóras nua chun cúiteamh a dheonú as díobhála a rinneadh go mailíseach ar bhaill den Gharda Síochána (Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh) 2022);
- Foráil a dhéanamh do chóras nua chun an Garda Síochána a scaipeadh agus a lonnú ar fud an Stáit (Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta), 2022);
- Reachtaíocht shuntasach i réimsí dhlí na hiomaíochta agus dhlí na dtomhaltóirí le hachtú an Achta Iomaíochta (Leasú), 2022 agus an Achta um Chearta do Thomhaltóirí, 2022, ar píosa mór reachtaíochta dlí tomhaltóirí é an dara ceann a leasaíonn agus a chomhdhlúthaíonn an dlí a bhaineann le cearta agus leigheasanna i gconarthaí idir trádálaithe agus tomhaltóirí chun earraí a dhíol agus chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha agus eile a sholáthar;
- Reachtaíocht chun cabhrú le gnólachtaí a ndeachaigh an cogadh san Úcráin i bhfeidhm orthu le hachtú an Achta um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2022;

- Rinne an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2), 2022 foráil maidir le díolúintí áirithe ó mhuirir ar sheirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaithe agus maidir le seirbhísí frithghiniúna a chur ar fáil gan táille do mhná áirithe.

### **Cuspóir 3: Seirbhís dlí atá réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi stiúir an OPAS a thacaíonn le cuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár gcliant a sheachadadh i réimsí an dlí tíolactha, maoinne, soláthair phoiblí agus conarthaí tráchtála**

Tá roinnt aturnaetha tiomanta do shainréimsí d'obair Maoine Stáit (lena n-áirítear nithe muirí agus urthrá, talmhaíochta agus maoiniú caipitil spóirt) agus oibríonn siad go dlúth leis na cliaint-Ranna ábhartha.

Leanann an OPAS ag cur comhairle ar an Roinn Oideachais maidir le láithreáin scoile a fháil ar fud an Stáit mar chuid dá Clár Tógála Scoileanna. Fuair an Roinn roinnt príomhláithreáin tosaíochta le linn 2022, lena n-áirítear láithreáin i mBaile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Uíbh Fhailí agus an Clár. Chomh maith le láithreáin ghlasa a fháil, leanann an Oifig uirthi ag cur comhairle ar an Roinn maidir le saincheisteanna dlí a eascraíonn as bainistiú leanúnach phunann réadmhaoine na Roinne lena n-áirítear diúscairtí, rialtachaí, clárúcháin agus comhairle réadmhaoine.

Chomh maith leis sin, lean an OPAS ag tabhairt comhairle agus tacaíochta do Choimisinéirí Oibreacha Poiblí Éireann ("OOP"), príomhchliant, agus ag gníomhú ar son an OOP maidir le diúscairt trí réadmhaoine nach bhfuil ag teastáil a aistriú taobh istigh den Stát chuig comhlachtaí eile Stáit mar chuid de chlár leanúnach cuíchóirithe an OOP. Lean an OPAS freisin ar aghaidh ag cur comhairle ar an OOP maidir le saincheisteanna dlí a thagann chun cinn i dtaca le húnéireacht agus bainistiú an OOP ar réadmhaoin agus tailte stairiúla ar fud an Stáit.

Lean an OPAS ag tabhairt aghaidh ar dhaingniú agus ar chlárú muirear dlí i gcúinsí ina ndeonaítear airgead faoi Chláir éagsúla Rialtais. Is é an cuspóir a chinntiú go n-úsáidtear na cistí suntasacha a leithdháiltear chun na gcríoch dár bronnadh iad, chun Polasaí an Rialtais a bhaint amach agus chun iniúchadh agus comhlíonadh a éascú. Tá thart ar 1500 ábhar idir lámha ag an OPAS ar fud na gclár maoinithe ar fad. Cuirtear maoiniú Stáitchiste de €100m ar a laghad ar fáil faoin gCiste d'Infreastruchtúir Spóirt ar Mhórsála (CISM) thar an tréimhse 2019 go 2027. As €100m an CISM, leithdháileadh thart ar 24% de.

De bhun Chinneadh Rialtais S180/20/10/2271A (Meitheamh 2022) maidir le Freagairt Dhaonnúil don Úcráin - Cur i bhFeidhm Scéim Phíolótach na dTithe Modúlacha

Toirtmhéadracha – Clár Cruthúnas Coincheapa, d'oibrigh an OPAS leis an OOP chun cineál samhla léasa a chruthú lena úsáid ag (inter alia) an OOP mar úinéir an láithreáin agus mar shamhail de phacáiste dlíthiúil. Ina theannta sin, mar chuid de fhreagairt an Stáit ar Éigeandáil na hÚcráine, thacaigh an OPAS leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) ina ról sainchúraim maidir le háiseanna cóiríochta éigeandála a aimsiú. Sa chéim éigeandála, ba í áis Citywest an áis ba mhó, a cheadúnaigh an OPAS chun cóiríocht a chinntiú. Ina dhiaidh sin, cuireadh ceadúnais i bhfeidhm i bhfrámaí ama dochta le húnéirí éagsúla (i.e. Orduithe Reiligiúnacha, An Óige, Scouting Ireland, Cumann Naomh Uinseann de Pól etc.), ag cur a gcomhaontú ar bhonn foirmiúil chun úsáid shealadach a gcuid réadmhaoine a sholáthar don Stát ar mhaithe le Tairbhíthe na Cosanta Sealadaí. Ba do thréimhse 1 bhliain na ceadúnais de ghnáth, agus d'fhéadfadh an Stát síneadh a chur leo ar feadh tréimhse ghearr bhreise. D'ullmhaigh an OPAS samhail-fhoirmeacha éagsúla ceadúnais agus Cinn Téarmaí.

Ina theannta sin, d'oibrigh an OPAS go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm Toilithe an Limistéir Mhuirí de bhun an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021.

Cuireann Rannóg Conarthaí Tráchtála an OPAS sainseirbhísí dlí ar fáil do Ranna agus Oifigí Rialtais maidir le dlí an tsoláthair phoiblí agus gach gné de chonarthaí tráchtála agus saincheistanna Státchabhrach. Sampla den tsainchomhairle a cuireadh ar fáil don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ba ea an Scéim Croí Cónaithe (Cathracha). Is é príomhaidhm na scéime tacú le 5,000 árasán a thógáil lena ndíol le húnéirí-áititheoirí trí fhóirdheontas stáit a dhúnann an bhearna idir an costas seachadta a bhaineann le hárasáin a thógáil agus an praghas díola ar an margadh (sa chás go bhfuil an costas tógála níos mó). Ó mhí Eanáir 2022, chuir an Rannóg comhairle shuntasach dhlíthiúil phráinneach ar fáil lena n-áirítear comhairle maidir leis an ngá atá le fógra faoin scéim a thabhairt don Choimisiún Eorpach maidir le ceadú Státchabhrach, agus comhairle ghaolmhar maidir le hiarraidh chomhaimseartha ar léirithe spéise don mhargadh a fhoilsiú. Fuair Éire formheas an Choimisiúin Eorpaigh don Státchabhair i mí na Nollag, 2022.

Chuir an OPAS comhairle ar fáil don OSR maidir le soláthar E-Tenders, ardán nua tairisceana náisiúnta leictreonaí d'Éirinn. Is é an t-ardán seo an áis náisiúnta d'údaráis chonarthacha chun deiseanna conartha na hearnála poiblí a fhoilsiú. Chuir an Oifig comhairle agus treoir ar fáil d'fhoirne tionscadail an OSR le linn an nóis imeachta soláthair fhada agus chasta chun an Conradh a thabhairt i gcrích go rathúil i mí Iúil 2022.

## **Cuspóir 4: Seirbhís dlíthíochta a sholáthar a chuireann na torthaí is fearr ar fáil**

Tá éilimh curtha isteach chuig ag gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ag grúpa de thart ar 185 comhairleoir ospidéal a líomhnaíonn idirdhealú indíreach aoise mar gheall ar scála pá níos ísle a tugadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2012. Gníomhaíonn an OPAS ar son na Ranna Sláinte, Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an ábhar. Bíonn an OPAS i dteagmháil freisin leis na comhfhreagróirí, an FSS agus IBEC. Tá roinnt nósanna imeachta i bhfeidhm chun bainistiú cásanna a fheabhsú agus chun teoracha soiléire agus tráthúla a chinntiú.

Sna cúirteanna Eorpacha, in C-898/19P agus C-885/19P *Éire & FIAT v. An Coimisiún Eorpach*, bhí rialú cánach tugtha ag údaráis chánacha Lucsamburg do FIAT a chinn an Coimisiún Eorpach a bheith ina bhuntáiste roghnach agus dá bhrí sin ina Státchabhair. D'áitigh an Coimisiún gur cheart prionsabal an fheidhmithe neamhspleách (PFN) a úsáid agus aistriú brabús laistigh de chuideachta á bhreithniú. Fuair an Chúirt Ghinearálta i bhfabhar an Choimisiúin agus mar gheall air sin rinne Éire agus FIAT achomharc. Rinneadh achomharc ón gCúirt Ghinearálta chun na Cúirte Breithiúnais. Dhearbhaigh an CBAE go gcaithfidh an dlí náisiúnta cánach a bheith sa chreat tagartha óna gcinnfidh tú an raibh buntáiste roghnaitheach ann agus ní i dtástálacha breise ar nós prionsabal an fheidhmithe neamhspleách. Tá an cás tábhachtach chun ceannasacht cánach a chosaint.

Cás suntasach eile ba ea C-156/21 & C-157/21 an *Ungáir agus an Pholainn v. Comhairle agus Parlaimint an AE*. Rinne an Ungáir agus an Pholainn iarracht Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 a neamhniú, rialachán lena bhforáiltear do chóras ginearálta coinníollacha chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint agus buiséad an Aontais a chosaint i gcás sárúithe ar phrionsabail riail an dlí sna Ballstáit. Rinne Éire idirghabháil thar ceann Institiúidí an AE agus rinne an CBAE na cásanna a chaitheamh amach.

D'oibrigh an OPAS ar roinnt cásanna Dlíthíochta Scoileanna i rith na bliana. Baineann na cásanna seo le héilimh ón Aire Oideachais in aghaidh Western Building Systems Limited agus páirtithe eile a d'eascair as tógáil lochtach 40 scoil. I bhfianaise an mhéid oibre a bhí i gceist, ba ghá foirne tiomnaithe dlí agus cléireachais a bhunú laistigh den Rannóg ábhartha chun déileáil leis an dlíthíocht.

Dhéileáil an Oifig freisin le cás a bhain le dúshlán a thóg Patrick Costello T.D. ag lorg dearbhuithe éagsúla a bhain le daingniú beartaithe an Stáit ar an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada ar an mbonn go mbeadh an daingniú sin contrártha leis an mBunreacht, go háirithe Airteagal 15 agus Airteagal 34 den Bhunreacht, in éagmais cinneadh a bheith glactha ag muintir na hÉireann trí reifreann é a dhaingniú nó a cheadú. Éisteadh é san Ard-

Chúirt i mí Iúil 2021 agus tugadh breithiúnas i mí Mheán Fómhair 2021 ag diúltú an fhaoisimh a bhí á lorg ag an ngearánaí. D'éist an Chúirt Uachtarach le hachomharc i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2022 agus thug sí a breithiúnas ar an 11 Samhain 2022, agus cheadaigh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc agus chuir sí breithiúnas na hArd-Chúirte ar ceal le tromlach 4-3.

In 2022 lean an Oifig uirthi ag cosaint dlíthíocht nua ar cuireadh tús léi de bhun fhreagairt an Stáit ar phaindéim Covid-19. In *O'Doherty & Waters v. an tAire Sláinte, Éire & an AA*, d'éirigh leis an Stát achomharc a chosaint chun na Cúirte Uachtaraí ag cur in aghaidh bhunreachtúlacht na mbeart éigeandála a thug an Rialtas isteach chun sláinte an phobail a chosaint.

Dhéileáil an Oifig le méadú suntasach ar athbhreithnithe breithiúnacha comhshaoil agus pleanála in 2022. Tá cumas an Stáit déileáil leis na cásanna seo go héifeachtúil agus go héifeachtach ríthábhachtach do Chlár an Rialtais maidir le tithíocht agus leis an gcomhshaoil. Shoiléirigh cás ceannródaíoch *Heather Hill Management Company & McGoldrick v An Bord Pleanála, Burkeway Homes Ltd & an AA* nuair a bhaineann na rialacha cosanta costais speisialta le hiomlán na n-imeachtaí agus an cur chuige ceart atá le glacadh maidir le hiarratais ar ordú costais cosanta réamhthrialach a chinneadh. Dhéileáil an Oifig freisin le fás suntasach ar líon na réamhthagairtí a sheol na Cúirteanna chuig an CBAE i gcúrsaí comhshaoil agus pleanála.

Rinne an Oifig bainistiú straitéiseach ar achomharc rathúil na Cúirte Uachtaraí de chuid an Stáit in *Middelkamp v. An tAire Dlí agus Cirt*. Chinn an Chúirt, cé gur gá go gcuireann beart Stáit lena gcuirtear d'oibleagáid ar lánúineacha pósta fanacht óna chéile isteach ar a gceart faoi Airteagal 8(1) den CECD, go raibh Aire i dteideal go hiomlán teacht ar an gconclúid, mar léiriú ar pholasaí poiblí, go raibh gá le cur isteach den sórt sin i sochaí dhaonlathach chun críocha Airteagal 8(2) den CECD ar mhaithe le córas inimirce seasmhach agus comhleanúnach a oibriú. Breithiúnas thar a bheith suntasach ba ea é seo a raibh tábhacht chórasach ag baint leis d'fheidhmiú an chórais inimirce.

In *GK v. IPAT & Dream Eile*, lorg an t-iarratasóir, náisiúnach Seoirseach, athbhreithniú ar chinneadh an Bhinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta (BACI) ag diúltú cosaint idirnáisiúnta. Bhí moill 51 lá ar imeachtaí a thionscnamh agus lorg an t-iarratasóir síneadh ama. Ba é an míniú a tugadh ar an moill ná go raibh gealltanais eile ag abhcóidí an iarratasóra arbh éigean dóibh freastal orthu. Chinn an Chúirt, cé go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ann don iarratasóir, go raibh sé faoi cheangal ag gníomhartha a ghníomhaire agus chun síneadh a bhronnadh ar an mbonn a lorgáíodh, go bhféadfadh sé sin go mbeadh an teorainn ama reachtach gar do neamhéifeachtach, mar go bhféadfadh aon iarratasóir a éileamh go raibh gealltanais eile ag a n-abhcóide le freastal orthu. Dhearbhaigh Barr J. go bhfuil tábhacht shuntasach curtha ar theorainneacha ama in imeachtaí riaracháin ar chúis mhaith agus go mbeadh an Chúirt

mall ag imeacht ón teorainn ama in a. 5(2) den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000 ar an mbonn a éilíodh.

## **Cuspóir 5: I bhfianaise ár ról mhéadaithe tar éis an Bhreitheachta, seirbhís fheabhsaithe dlí AE a sholáthar dár gcliainnt**

Gearrann seirbhís dlí an Aontais Eorpaigh ar fud na dtrí chomhghné den Oifig, le hionchur comhairleach in idirbheartaíocht dlí nua, a ionchorprú i ndlí agus i ndlíthíocht na hÉireann, agus dréachtaíonn an ODP reachtaíocht na hÉireann chun éifeacht a thabhairt do dhlí an AE agus déanann an OPAS bainistiú ar dhlíthíocht, lena n-áirítear i gcás ina ndéanann Éire idirghabháil ag cúirteanna an AE ar chásanna a bhaineann le ballstáit eile.

Le linn 2022, i leathnú ar a ról roimhe seo, chuir Rannóg Dlí an AE den OPAS tús le scríobh chuig Ranna Rialtais ábhartha maidir le gach tagairt Airteagal 267 do chúirteanna an AE ó chúirt ballstáit eile ar thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha fógra ina leith. Lean an OPAS suas leis na Ranna ag lorg cinnidh ar gach comhad chun a dheimhniú an raibh idirghabháil sna cásanna inmhianaithe nó nach raibh. Ina theannta sin, chuir Rannóg Dlí an AE tús le tionscnamh nua chun aird a tharraingt ar an bhféidearthacht idirghabháil a dhéanamh i gcineálacha eile dlíthíochta AE trí achoimrí na gcásanna a phostáiltear in Iris Oifigiúil an AE a scaipeadh gach seachtain.

Is gné rithábhachtach dá chuid oibre é ról an ODP i ndáil le reachtaíocht an AE. Cé go bhfuil éifeacht dhíreach ag reachtaíocht áirithe AE agus nach gá, dá bhrí sin, í a ionchorprú i ndlí na hÉireann i gcónaí, ní mór treoracha, go háirithe, a chuimsíonn cuid mhór de reachtaíocht an AE, a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann trí reachtaíocht intíre, phríomhúil nó thánaisteach. Dá réir sin, is gá a chinntiú go ndéantar treoracha a thrasú ar bhealach a chomhlíonann ceanglais dhlíthíúla an AE go hiomlán agus, i ndáil le trasú áirithe, cuireann an ODP seirbhís dréachtaithe ar fáil do chliant-Ranna ina leith sin. D'oibrigh an ODP le cliant-Ranna chun a chinntiú gur chomhlíon gach trasú isteach i ndlí na hÉireann de bhearta an AE (amhail Treoracha nó Rialacháin), a bhí á lorg ag cliainnt ceanglais dhlíthíúla an AE.

Rinne Éire idirghabháil i roinnt réamhthagairtí do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) lena n-áirítear *C – 61/21 Ministre de la transition écologique v. JP*. Réamhthagairt ón bhFrainc ina ndearna Éire idirghabháil ba ea an t-ábhar seo. D'fhéach JP lena dhearbhu gur tháinig teidlíocht le haghaidh cúitimh as an Treoir maidir le Caighdeán an Aeir i gcás inar theip ar údaráis áitiúla de bharr cheanglas na Treorach. Dá gcinnfeadh an Chúirt Bhreithiúnais go raibh a leithéid de theidlíocht ann, d'fhéadfadh sé sin an Stát a nochtadh do shruth nua dlíthíochta a bheadh costasach.

Mar thoradh air sin, spreag an Oifig go láidir an Roinn Comhshaoil chun idirghabháil a dhéanamh sna himeachtaí, agus tugadh tuairimí i scríbhinn agus ó bhéal araon mar thoradh air sin. I mí na Nollag 2022, d'eisigh an Chúirt breithiúnas ag aontú leis an bhFrainc agus le hÉirinn nach raibh aon teidlíocht ar chúiteamh. Mar thoradh ar an idirghabháil rathúil seo, cuireadh cosc ar an mbaol go mbeadh sruth nua dlíthíochta ann.

Tá idirbheartaíocht ar siúl i gcónaí maidir leis an Rialachán maidir le hAthbhunú Dúlra atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Tá oibleagáidí dlíthiúla forleathana sa Rialachán seo atá beartaithe a bhfuil impleachtaí acu do phleanáil agus do dhlí an chomhshaoil chomh maith le himpleachtaí in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta, agus cruthaíonn siad spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de. I bhfianaise scóip an togra, tá sé ríthábhachtach go mbeadh ról láidir ag an Stát san idirbheartaíocht. Glacann an Oifig seo páirt i ngrúpa idir-rannach chun cabhrú le hidirbheartaíocht na hÉireann ar an téacs deiridh agus cuireann sí comhairle dlí leanúnach ar fáil maidir leis an téacs deiridh.

Rinne Éire idirghabháil freisin i roinnt tagairtí d'Airteagal 267 ar thagairtí cosanta sonraí ó Chúirteanna bhallstáit éagsúla an AE. Táthar ag súil le breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais maidir leis na cásanna cosanta sonraí sna 12 mhí amach romhainn.

I gcás C-22/21 *SRS, AA v. an tAire Dlí agus Cirt*, shoiléirigh an réamhthagairt léirmhíniú Airteagal 3(2)(a) den Treoir maidir le Saorghluaiseacht 2004/38/CE. Chinn an CBAE na prionsabail atá le breithniú agus measúnú á dhéanamh ar cheart náisiúnach tríú tír a mheas mar 'bhall teaghlaigh ceadaithe' de bhua é a bheith ina 'mball de líon tí' de chuid shaoránaigh an Aontais chun críocha cárta cónaithe AE a fháil faoin Treoir. Ba é seo an chéad uair a chinn an CBAE brí an téarma 'ball de líon tí' ó cuireadh tús leis an Treoir. Dhearbhaigh an CBAE go dtagraíonn Airteagal 3(2)(a) "do dhaoine a bhfuil gaol spleáchais acu leis an saoránach sin, bunaithe ar cheangail phearsanta dhlúth agus sheasmhach, a cothaíodh laistigh den teaghlach céanna, i gcomhthéacs saol baile comhroinnte a théann níos faide ná comhchónaí sealadach amháin a rinneadh ar chúiseanna caoithiúlachta amháin."

## **Cuspóir 6: Feabhas a chur ar eolas na gcliant ar sheirbhísí na hOifige agus ar an rochtain atá acu orthu**

Thacaigh gníomhartha faoin gcéad Sprioc Straitéiseach eile, maidir le Caidrimh a Chothú, leis an gculpóir seo freisin.

Mar chuid de leathnú a thionscnaimh Oifigeach Caidrimh Cliant, chuir an OPAS Oifigeach Caidrimh Cliant tiomnaithe ar fáil don Aonad Tacaíochta Seirbhísí Dlí sa Roinn Dlí agus Cirt, ar mhaithe le tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais na gcliant i réimse na dlíthíochta Inimirce agus Tearmainn agus tuiscint na gcliant ar sheirbhís dlí an OPAS a fheabhsú.

Lean an ODP ar aghaidh ag treorú Ranna maidir leis na buntáistí suntasacha a bhaineann le polasaí lánoibrithe agus treoracha do dhréachtú maidir le níos lú moilleanna agus bacainní a chinntiú agus tionscadail dréachtaithe a chur i gcrích laistigh de na hamlínte riachtanacha.

## **Cuspóir 7: Coincheap an Stáit mar “Dhlíthí Eiseamláireach” a chur chun cinn**

D'oibrigh an Oifig le Ranna lena chinntiú gur ghníomhaigh an Stát go comhsheasmhach, d'ainneoin an méid mór dlíthíochta a ndearna na grúpaí bainistiú air. Rinneadh iarracht ar leith na cásanna sin inar léir go raibh fiúntas ag baint le héileamh an iarratasóra a shainaitheint go luath. I gcásanna den sórt sin, glacadh céimeanna chun a chinntiú a mhéid is féidir gur réitíodh an t-ábhar gan mhoill agus gan aon chostas breise ar na páirtithe. Tugadh aird ar leith ar bhealaí a shainaitheint chun costais neamhriachtanacha sa dlíthíocht a theorannú.

Chuir obair na hOifige bonn eolais faoi scéim neamhrechtúil a bhunú chun réiteach a fháil ar ghearáin a rinne othair sheirbhísí CAMHS Chiarraí Thuaidh maidir le mídhiagnóisiú agus cóireáil líomhnaithe laistigh den tseirbhís sin, ag seachaint dlíthíocht fhada agus dlíthigh a chur ar chostas agus strus a bhaineann le dliteanas a bhunú gan ghá.

D'óstáil an OPAS a chéad Chomhdháil Cliant i dTeach Farmleigh ar an 17 Samhain 2022. Ba é téama na comhdhála ná “Dlíthíocht Shibhialta: Samhail Nua?” le réimse cainteoirí inmheánacha agus seachtracha ag déanamh cur i láthair ar ghnéithe éagsúla de ról agus de fhreagrachtaí an Stáit sa dlíthíocht agus mar údarás conarthach.



## Sprioc Straitéiseach 2: Caidrimh a chothú

An bealach ina n-oibrímid agus ina soláthraímid ár seirbhísí a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a chothú go himheánach agus go seachtrach araon

Tugann roinnt de na samplaí a chuirtear i láthair aghaidh ar níos mó ná cuspóir amháin faoin Sprioc Straitéiseach seo, mar go gcabhraíonn gach cineál rannpháirtíochta agus comhoibrithe laistigh den Oifig agus ar fud an Rialtais le caidrimh a chothú ar bhealaí éagsúla. Mar sin, ba cheart breathnú ar na samplaí léiritheacha faoi gach Cuspóir mar shamplaí a fhreastalaíonn ar ilchuspóirí agus nach bhfuil siad dírithe go heisiach ar an gCuspóir sin.

### **Cuspóir 1: Naisc níos láidre a chothú lenár gcliaint agus lenár bpáirtithe leasmhara**

Reáchtáil na hAbhcóidí Comhairleacha cruinnithe athbhreithnithe struchtúrtha le cliaint le linn 2022, chun plé a dhéanamh ar na forbairtí dlíthiúla agus polasaí ba thábhachtaí a raibh cliant-Ranna ag déileáil leo agus chun tabhairt faoi phleanáil chun cinn.

Chuaigh an ODP i dteagmháil go cuiditheach le cliant-Ranna ag gach céim den phróiseas dréachtaithe ar mhaithe le caighdeán na dréachtreachtaíochta a chinntiú. Thug siad barúlacha mionsonraithe d'Abhcóidí Comhairleacha agus do Ranna ar dhréacht-Scéimeanna Ginearálta agus le linn an phróisis dréachtaithe, d'oibrigh siad le cliant-Ranna, le hAbhcóidí Comhairleacha agus, nuair ba ghá, leis an Ard-Aighne, chun saincheisteanna dréachtaithe nó dlíthiúla a aithint agus a réiteach, lena n-áirítear saincheisteanna dlíthiúla de chineál casta agus úrnua. Chuaigh an ODP i dteagmháil le cliant-Ranna trí rannpháirtíocht i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais, i gcruinniú seachtainiúil na nArd-Rúnaithe agus sa Choiste Idir-Rannach ar Rannpháirtíocht an AE (CIRA). Neartaigh rannpháirtíocht sna fóraim thras-rannacha seo caidrimh le cliaint agus caighdeán na seirbhíse dréachtaithe a chuirtear ar fáil trína chinntiú go ndearnadh an ODP a chur ar an eolas i gcónaí faoi chuspóirí agus riachtanais pholasaí na gcliant-Ranna. Cinntíonn rannpháirtíocht sna fóraim seo freisin go bhfaigheann an Rialtas an tairbhe is mó as na seirbhísí a sholáthraíonn an ODP chun Clár Reachtaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm go rathúil.

Chomh maith le rannpháirtíocht leanúnach le cliaint ag leibhéal na Rannóige san OPAS trínár Líonra Oifigeach Caidrimh Cliaint, d'fheidhmigh Chéad Chomhdháil Chliant an OPAS mar ardán breise chun naisc a chothú le cliaint ar fud an bhoird.

## **Cuspóir 2: An t-ardán eolais a ardú dár gcliaint**

Bhí baint ag an ODP le clár oiliúna OR na Státseirbhíse trí léachtaí a chur ar fáil d'ORanna maidir leis an bpróiseas dréachtaithe reachtaíochta. Chomhoibrigh an ODP freisin le Tithe an Oireachtais chun cabhrú le hoifigigh a threorú tríd an bpróiseas dréachtaithe reachtaíochta agus, i gcomhar le comhghleacaithe taighdeoirí, d'ullmhaigh siad athbhreithnithe leanúnacha ar Rialacháin Sláinte Covid-19 a foilsíodh ansin ar gov.ie.

Tar éis athbhreithnithe le hAonad Saoránachta na Roinne Dlí agus Cirt (atá freagrach as líon mór iarratas saoránachta), bhunaigh an Oifig Coiste Oiliúna maidir leis an Dlí Saoránachta chun oiliúint a phleanáil agus a dhearadh. Is tionscadal comhoibritheach é an oiliúint idir an OAA, an OPAS agus an Roinn Dlí agus Cirt agus tá sé dírithe ar bhunphrionsabail na dea-chinnteoireachta.

Ina theannta sin, chuir an OPAS oiliúint shaincheaptha ar fáil do chliant-Ranna agus do chliant-Oifigí chun an t-ardán eolais a ardú.

## **Cuspóir 3: Rannpháirtíocht luath le cliaint a chur chun cinn**

Chuaigh an ODP i dteagmháil le Ranna ag gach céim den phróiseas dréachtaithe ar mhaithe le níos mó éifeachtúlachta a bhaint amach ina gcaidrimh. Spreagadh Ranna dul i gcomhairle le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht ag céim luath i bhforbairt tograí reachtacha agus le Ranna eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag na tograí ar a sainchúram. Chuaigh an ODP i dteagmháil le Ranna chun tacú lena dtionscnaimh oiliúna a bhaineann leis an bpróiseas reachtach.

Tá gach Rannán agus Rannóg laistigh den OPAS tar éis baill foirne a cheapadh mar Oifigigh Caidrimh Cliaint ainmnithe – Líonra na nOCCanna – chun bainistiú agus éascú caidrimh cliaint a fheabhsú, tosaíocht a thabhairt don obair agus comhoibriú le comhghleacaithe ar dhearcadh domhanda maidir le cúrsaí cliaint ar fud an OPAS.

## **Cuspóir 4: Naisc a neartú le hAbhcóidí Comhairleacha ar Iasacht agus le hAturnaetha Stáit ar Iasacht**

Tá Clár Iasachta na hOifige ag leathnú i gcónaí ar fud mórán Ranna agus thacaigh an Oifig le méadú na nAonad Dlí i Ranna le hAbhcóidí Comhairleacha le taithí ar iasacht chun Aonaid Dlí intí a threorú agus a bhainistiú.

Leanadh ar aghaidh le forbairt naisc láidre leis na hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus na hAonaid Dlí i Ranna. Tá Abhcóide Comhairleach ag leibhéal Rúnaí Cúnta ina gcathaoirleach ar Scáth-Ghrúpa Oibre ar Iasacht a chuir tacaíocht ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht; d'eagraigh siad oiliúint agus forbairt ar réimsí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do dhlíodóirí Rialtais intí trí Chlár Oiliúna an Chláir Iasachta; thacaigh siad agus d'oibrigh siad le líonra na nAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht; agus thuairiscigh siad go rialta do Choiste Bainistíochta na hOifige. Bhuail grúpaí d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht leis an Ard-Aighne i rith na bliana chun obair an chláir iasachta a phlé. Bhuail an tArd-Stiúrthóir go tréimhsiúil le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht, mar aon leis an Abhcóide Comhairleach a rinne maoirseacht ar an gclár iasachta.

D'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht ar chruinnithe ginearálta d'Abhcóidí Comhairleacha agus ar imeachtaí oiliúna agus bainistithe eolais san Oifig, lena n-áirítear an Chomhdháil Bhliantúil Iasachtaithe, agus bhí rochtain acu ar sheirbhís Leabharlainne agus Saineolais an OAA de réir mar ba ghá.

Mar chuid den chlár iasachta, soláthraíonn an OPAS tacaíocht ionductúcháin d'Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht agus iad ag glacadh le ról ina Ranna sannta.

Chomh maith le comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha laistigh den Oifig (agus leis an OPAS de réir mar is cuí) maidir le seirbhísí comhairleacha dlíthiúla a sholáthar do chliant-Ranna agus do chliant-ghníomhaireachtaí, thug Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht comhairle freisin ar roinnt nithe suntasacha ar fud raon réimsí polasaí agus oibriúcháin na Ranna a bhfuil siad sannta dóibh. Áiríodh leis sin tionscnaimh, mar shampla, chun tacú le tithíocht a sholáthar, comhairle a thabhairt maidir leis na ceanglais chóiríochta do náisiúnaigh na hÚcráine, agus dlí comhshaoil an AE a chur i bhfeidhm.

Ghlac an ODP páirt freisin i soláthar agus i bhfreastal ar chláir oiliúna iasachtaithe an OAA, mar aon le dearadh, seachadadh agus freastal ar Chlár Dlí AE an OAA.

Chuir aturnaetha an OPAS a tugadh ar iasacht don Choimisiún Eorpach oiliúint ar fáil do chomhghleacaithe ar chúrsaí dlí an AE trí chlár Lón & Foghlaim an OPAS.

## **Cuspóir 5: Cumarsáid agus comhoibriú a neartú ar fud na hOifige**

Bhunaigh an Oifig tionscnamh Comhstádais Infreastruchtúir in 2022 chun dlíodóirí a thabhairt le chéile ó ar fud na hOifige a bhfuil spéis acu i speisialtachtaí comhairleacha agus idirbheartaíochta atá thar a bheith ábhartha i dtionscadail mhóra infreastruchtúir an Stáit. Is dlíodóirí iad seo atá ag cleachtadh i réimsí na Pleanála, an Dlí Comhshaoil, an tSoláthair Phoiblí, an Fhuinnimh, an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, an Chaiteachais Phoiblí, na gConarthaí Tráchtála agus na Maoine Stáit, cé nach liosta uileghabhálach é seo. Tarlaíonn cruinnithe thart ar gach ráithe le comhroinnt eolais láidir ar fud an OAA/OPAS ar mhaithe le cur lenár gcur chuige maidir le saincheistean leathana nó córasacha a théann i bhfeidhm ar roinnt tionscadal infreastruchtúir.

Bhunaigh an Oifig sraith ceardlann hibrideach neamhfhoirmiúil freisin a chlúdaíonn saincheistean tráthúla i réimsí na cánach, an fhuinnimh, an tsoláthair agus an tearmainn agus na saoránachta, a chuir Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte agus Aturnaetha Stáit i láthair agus iad ag roinnt eolais agus taithí óna gcuid oibre féin. D'éascaigh na ceardlanna comhroinnt eolais agus cothú caidrimh ar fud na n-oifigí.

Chun cabhrú le Bainisteoirí Daoine ina ról, chuir an OPAS Cruinnithe Ciorcail Comhroinnte Eolais do Bhainisteoirí Daoine ar fáil ar bhonn píolótach. Agus iad éascaithe ag Oifigeach Cúnaimh d'Fhostaithe an SCFS, tionóladh cruinnithe neamhfhoirmiúla comhroinnte eolais gach ráithe chun plé a dhéanamh ar ghnáth-iarratais a rinne an fhoireann ar Bhainisteoirí Daoine agus ar ghnáthchásanna a thagann chun cinn san ionad oibre.

Thacaigh comhpháirteanna an OAA, in éineacht leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, lena chéile chun boird agallaimh a chur le chéile do chomórtais inmheánacha ardú céime.

Chomhoibrigh an ODP le hAbhcóidí Comhairleacha ar Iasacht i gcliant-Ranna maidir le Cinn Scéimeanna Ginearálta le haghaidh dréachtreachtaíochta agus réamh-shaincheistean dlí a thagann chun cinn i gceapadh Ceann nua. Chuaigh an ODP i gcomhairle le hAbhcóidí Comhairleacha maidir le saincheistean dlí a thagann chun cinn i ndréachtú reachtaíochta. Chomhoibrigh an ODP freisin le comhghleacaithe ar fud na hOifige trí rannpháirtíocht ar gach coiste inmheánach.

## Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a chothú

Oifig dlí a bheith ionainn atá comhaimseartha, lúfar agus fuinniúil agus acmhainn inbhuanaithe a chothú ar mhaithe lenár gcliaint agus ár ndaoine

### **Cuspóir 1: Réitigh TFC a chur ar fáil a thacaíonn lenár ndaoine chun an leibhéal riachtanach seirbhíse a chur ar fáil do chliaint**

Lean na hAonaid TFC ar aghaidh ag comhdhlúthú, ag leathnú agus ag tacú le cumas cianoibre na hOifige in 2022 chun a chinntiú go raibh rochtain iomlán ar fheidhmchláir ar fáil don fhoireann trí scála, athléimneacht, feidhmíocht agus iontaofacht na gcóras tacaíochta a fheabhsú, nuair ba ghá. Tacaíodh le húsáid éifeachtach na comhdhála gréasáin ar ghléasanna cianda agus san oifig fhisiciúil freisin chun go bhféadfaí cruinnithe fíorúla a thionól le linn 2022.

In 2022 freisin, rinneadh uasghrádú suntasach ar infreastruchtúr líonra inmheánach, lena n-áirítear ballaí dóiteáin agus lasca chun éifeachtúlacht, iontaofacht agus slándáil na seirbhísí TFC a chuirtear ar fáil don fhoireann agus do chliaint a mhéadú.

D'oibrigh Aonad TFC an OAA go dlúth mar chomhpháirtithe le Tithe an Oireachtais ar thionscadal chun Córas nua d'Údarú, Leasú agus Foilsiú Reachtaíochta a ghnóthú, atá ainmnithe mar Reachtra. Is comhthionscadal é seo chun bogearraí nua a ghnóthú chun éifeachtúlacht mhéadaithe a éascú i ndruchtú, leasú agus foilsiú reachtaíochta. Chuir na foirne tionscadail taighde fairsing i gcrích ar na riachtanais do na bogearraí. Áiríodh leis an taighde seo comhairliúchán le húsáideoirí, chomh maith le plé le heagraíochtaí comhionann i ndlínsí eile agus fiosrúcháin sa mhargadh.

D'oibrigh an Oifig go dlúth le seirbhísí cúirte na hEorpa agus na hÉireann araon chun a chinntiú go gcomhlíonann caighdeán áiseanna Closamhairc an OPAS caighdeán na gcúirteanna ábhartha ar fad.

Oibríonn na haonaid TFC go rialta le grúpaí Úsáideoirí agus le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go leanann an córas bainistithe cásanna agus taifead comhroinnte ag feidhmiú ar bhealach éifeachtúil agus cuí.

## **Cuspóir 2: Foireann ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil**

In 2022, d'úsáid an OAA an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun tacú le hearcú abhcóidí comhairleacha agus dréachtóirí parlaiminte chomh maith le foireann riaracháin chun an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, dá Ranna agus dá Oifigí.

Chuir an OPAS tús le straitéis seachfhoinsithe earcaíochta chun barainneachtaí scála a bhaint amach, agus chun tairiscint luacha fostaithe na hOifige a neartú tuilleadh, ag tacú le sealbhú tallainne in 2022. Mar aon le fócas ar chumais inmheánacha a chothú, tríd an Scéim Feidhmeannach Dlí faoi Oiliúint, an Scéim Aturnaetha faoi Oiliúint agus an clár Printíseachta TFC, líonadh 131 ról i rith na bliana le béim ar an gcaighdeán saineolais is airde a fháil ar fud an OPAS.

## **Cuspóir 3: Cultúr rialachais agus bainistithe riosca na hOifige a fheabhsú**

Le linn 2022 lean Comhchoiste Bainistithe Riosca an OAA/OPAS ar aghaidh ag teacht le chéile go rialta agus ag cur a gclár oibre chun cinn, lena n-áirítear feasacht ar riosca a ardú ar fud na heagraíochta agus maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú rialta ar an gclár riosca ag gach bainisteoir áitiúil ábhartha. Le linn 2022 d'fhreastail an Coiste Bainistithe Riosca ar cheardlanna riosca, éascaithe ag saineolaí seachtrach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige maidir le Bainistiú Riosca.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huairé agus thug iniúcháirí inmheánacha na hOifige faoi chlár iniúchtaí inmheánacha (a cuireadh amach ar conradh chuig gnólacht seachtrach).

Ceadaíodh agus foilsíodh Creat Rialachais Chorporáidigh athbhreithnithe an OPAS in 2022.

Tá roinnt teicneolaíochtaí nua curtha i bhfeidhm ag TFC an OPAS in 2022 agus é mar aidhm acu cibearshlándaíl agus athléimneacht na n-oifigí a mhéadú. Déantar athbhreithniú agus iniúchadh rialta ar rioscaí don timpeallacht TFC agus Sonraí. Oibríonn TFC ar fud na hOifige go dlúth leis an Ionad Náisiúnta Cibearshlándaála agus le comhpháirtithe seachtracha chun an riosca a bhaineann le sárúithe cibearshlándaála agus slándaála sonraí a mhaolú agus a bhainistiú.

Chomh maith le córais Chibearshlándaála Leibhéal Líonra a úsáid, chuir an OPAS feabhas ar a bhogearraí Cúltaca agus Frithvíreas chomh maith lena phróiseas

bainistithe úsáideoirí in 2022. Laghdóidh na feabhsuithe seo an baol go dtarlódh cibear-eachtraí agus cabhróidh siad freisin le tionchar aon teagmhas a d'fhéadfadh tarlú a laghdú.

#### **Cuspóir 4: Éifeachtúlachtaí a mhéadú i seachadadh ár seirbhísí**

Lean an Oifig uirthi ag planáil do riachtanais chóiríochta amach anseo dá feidhmeanna atá lonnaithe i Sráid Mhuirfean, ag measúnú agus ag cur chun cinn deiseanna chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an spás teoranta atá ar fáil don Oifig. Chuaigh an OPAS i dteagmháil leis an OOP maidir le plananna chun cóiríocht oifige an OPAS (atá scaipthe thar dhá fhoirgneamh faoi láthair) a athlonnú go foirgneamh nua i Margadh na Feirme.

Rinneadh athbhreithniú rialta ar bhallaíocht agus ar chliant-Ranna na gceithre ghrúpa de Dhréachtóirí Parlaiminte ag féachaint do scaipeadh saineolais, do luaineachtaí na hoibre agus d'fhorbairt a gcuid scileanna agus taithí. Roinneadh obair idir na grúpaí agus sannadh Dréachtóirí Parlaiminte ó ar fud na ngrúpaí do chomhthionscadail (amhail an Bille um Pleanáil agus Forbairt) ag féachaint d'ualach oibre agus do chumas gach grúpa. Bhí ceannairí na ngrúpaí agus an PDP i dteagmháil go rialta ag a gcruinnithe seachtainiúla agus de réir mar ba ghá maidir le tionscadail dréachtaithe a bhfuil ábharthacht trasghrúpa ag baint leo.

Leanann an tionscadal Nósanna Imeachta AC/DP ar aghaidh ar mhaithe le síniú agus foilsiú a bhaint amach go luath amach anseo.

Rinne Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte nuashonrú ar a saineolas ar réimsí ábhartha an dlí trí thaighde, meantóireacht agus ionduchtú, freastal ar chúrsaí agus ar chomhdhála (lena n-áirítear go cianda), oiliúint agus forbairt intí agus fhíorúil, chomh maith le cruinnithe dlíthiúla fíorúla rialta intí inar chuir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte saincheisteanna dlíthiúla reatha i láthair. Bhí scaipeadh tuairiscí seachtainiúla grúpa ar gach dlíodóir san OAA agus an bhéim ar chomhairle dlí a chur leis an gcóras saineolais ina ngnéithe lárnacha d'eolas cothrom le dáta a choinneáil. Feabhsaíodh saineolas trí oiliúint a chur ar úsáid uirlisí taighde ar an gcóras bainistithe cásanna agus taifead, ar an mbunachar sonraí saineolais agus ar bhunachair sonraí dlí eile a táirgeadh ar bhonn tráchtála.

Choinnigh an Oifig ar an eolas faoi fhorbairtí i ngnólachtaí dlí príobháideacha agus go háirithe na córais tacaíochta a úsáidtear chun seirbhísí dlí ar ardchaighdeán a sholáthar do chliant. Áiríodh leis sin coinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i dtimpeallacht oifigí dlí, páirt a ghlacadh i Líonra Bainistithe Eolais agus féachaint le dea-chleachtas reatha a chur i bhfeidhm san Oifig.

## Sprioc Straitéiseach 4: Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine

Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus comhoibriú go héifeachtach chun seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcliaint

### **Cuspóir 1: Cultúr measa, dínite, comhionannais agus ilchineálachta a chur chun cinn san ionad oibre**

Ag teacht lena fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá an Oifig tiomanta d'ilchineálacht san ionad oibre a mhéadú, chomh maith le tacú le cuimsiú sóisialta.

In 2022, reáchtáil an Oifig, i gcomhar leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, clár intéirneachta mac léinn, a bhí dírithe ar inrochtaineacht ar na ról dhlíthiúla i gcoitinne a chur chun cinn, agus é nasctha leis na cláir rochtana HEAR/DARE. Chaith beirt mhac léinn dlí sa bhliain deiridh dá gcúrsa, ar éirigh leo i gcomórtas don Chlár Intéirneachta, an samhradh ag obair san OAA. Ag tógáil ar rath Chlár 2022, glacfaidh an Oifig páirt sa chlár intéirneachta arís in 2023.

I measc na dtionscnamh chun tacú le cuimsiú sóisialta a lean ar aghaidh in 2022 bhí Clár Idirbhliana an OPAS chun roinnt áiteanna a chur in áirithe do scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna áitiúla DEIS. Lean an Oifig uirthi ag tacú leis an gClár Time to Read agus ghlac 10 mball foirne páirt sa tionscnamh feabhsaithe léitheoireachta seo.

In 2022, chuir foireann Comhionannais, Ilchineálachta agus Cuimsithe an OPAS (CIC) féinmheasúnú i gcrích i gcoinne Shamhail Aibíochta CIC na hEarnála Poiblí, agus de bhun an mheasúnaithe d'aithin an fhoireann CIC roinnt sruthanna oibre do 2022. Príomhchuspóir a sainithníodh in anailís ar shuirbhé rannpháirtíochta foirne ba ea Líonra LADTA+ a bhunú san Oifig agus chuaigh sé seo chun cinn in 2022.

Mar fhreagra ar thuarascáil an Choiste don Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní a cuireadh le chéile in 2019, ina leagtar béim ar anás míosta mar fhadhb shuntasach, tá gach oifig anois tar éis meaisíní táirgí míostraithe saor in aisce a chur in ionad na meaisíní díola táirgí míostraithe i ngach ceann de sheomraí folctha na mban.

Chuir an Oifig oiliúint Feasachta Míchumais ar fáil do gach ball foirne agus cuireadh seimineáir ghréasáin ar Aoisiúlacht & Comhionannas Aoise i láthair. Eisíonn Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais an OPAS feasachán rialta maidir le Feasacht ar Mhíchumas,



D'Edit, agus eagraíonn siad cainteanna chun feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna míchumais.

Foilsíodh Tuarascáil ar Bhearna Phá idir na hInscní de chuid an OPAS mar a éilíodh i mí na Nollag, 2022 agus tá sí ar fáil ag: [Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní de chuid an OPAS 2022](#).

Aistríodh roinnt foilseachán corparáideach go Gaeilge le linn 2022 lena bhfoilsíú go comhuaineach ar shuíomh gréasáin na hOifige agus tháinig líon beag fiosruithe trí Ghaeilge isteach chuig an Oifig agus dhéileáil an Oifig leo.

## **Cuspóir 2: Barr feabhais a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistiú feidhmíochta agus forbairt**

Téann gach ball foirne i mbun CBFF agus spreagtar iad chun tabhairt faoi bhreisoideachas chomh maith le hoiliúint a bhaineann go sonrach lena ról chun a gcumas a fheabhsú chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar don OAA. Tugtar tacaíocht d'oifigigh chun na spriocanna atá leagtha síos sa phróiseas CBFF a bhaint amach tríd an Scéim Aisíocaíochta Táillí, agus tugtar tacaíocht dóibh freastal ar chúrsaí oiliúna agus ar imeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí trí bhuiséad tiomnaithe Foghlama & Forbartha.

In 2022, reáchtáil an Oifig clár phíolótacha mheantóireachta ar fud a comhoifigí. Tá na Clár deartha chun cabhrú le caidrimh a chothú, acmhainn a chothú, tacú lenár ndaoine agus ar deireadh thiar chun leas na gcliant. Ag leanúint ón bhfreagairt dhearfach ar an gclár píolótach, seoladh Clár Meantóireachta an OPAS i mí Mheán Fómhair 2022. Bhí rannpháirtíocht iomlán leis an gClár Meantóireachta nua-sheolta bhain meantaithe leas as na háiteanna ar fad a bhí ar fáil ar an gClár agus d'aontaigh Meantóirí reatha agus nua páirt a ghlacadh sa Chlár.

Ag tógáil ar rath scéime píolótaí a reáchtáladh le linn 2021, sheol an OPAS Scéim Aitheantais Foirne an OPAS agus óstáladh imeacht ar an láthair i mí na Nollag 2022 chun na baill foirne sin ar thug a gcomhghleacaithe aitheantas dóibh a fhógairt. Chomh maith leis sin, rinne an ócáid comóradh ar 100 bliain den OPAS agus tugadh aitheantas do chion tairbhe na mball foirne sin a d'éirigh as an OPAS le linn na paidéime.

Le linn na bliana, gheall an OPAS páirt a ghlacadh sa Chlár Printíseachta TFC, a thugann deis do na hoifigigh TFC feidhmiú mar mheantóirí do Phrintísigh TFC atá ag teacht isteach. Ghlac foireann Acmhainní Daonna an OPAS páirt i gceardlanna chun scileanna boga Cothaithe Foirne a fheabhsú agus chuaigh oifigigh i dteagmháil leis an tsraith cúrsaí OneLearning a dhíríonn ar scileanna boga. Ina theannta sin, ghlac oifigigh reatha páirt go deonach in oiliúint chun scileanna boga a fheabhsú chun tacú

le hiontrálaithe nua chuig an OPAS. Ghlac roinnt oifigeach páirt i gcúrsaí Ceannaireachta na Státseirbhíse le OneLearning agus le soláthraithe oiliúna seachtracha. Chuaigh foireann Foghlama & Forbartha an OPAS i dteagmháil le comhghleacaithe inmheánacha agus seachtracha sa Státseirbhís le haghaidh tacaíochta mar ullmhúchán do sheoladh próisis tairisceana in 2023 do Chlár Bainistithe Tallainne intí do ghráid bhainistíochta sinsearaí san OPAS.

Chuir an Oifig dearadh agus soláthar cláir nua forbartha oiliúna agus ceannaireachta do Dhréachtóirí Parlaiminte Cúnta (Grád I) (coibhéis PO) i gcrích, clár atá le cur i bhfeidhm in 2023.

Go ginearálta, déanann baill foirne ar fud na hOifige freastal ar réimse leathan imeachtaí oiliúna, laistigh agus lasmuigh den Oifig araon, lena n-áirítear cúrsaí foirmiúla as a leanann cáilíochtaí ábhartha. Go háirithe, tá cáilíochtaí ICPF in acmhainní daonna bainte amach ag baill foirne AD chomh maith le cáilíochtaí idirghabhála.

Lean an Oifig uirthi ag tacú le deiseanna soghluaisteachta faoi Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse. Soláthraíonn an Scéim deiseanna do státseirbhísigh a gcuid scileanna agus forbairt gairme a leathnú agus ag an am céanna tacú le riachtanais ghnó eagraíochtaí na Státseirbhíse.

### **Cuspóir 3: Tacaíocht a thabhairt dár ndaoine trí chórais fheabhsaithe bhainistithe eolais**

Lean Seirbhís Leabharlainne & Taighde an OAA de sheirbhís réamhghníomhach taighde agus faisnéise a chur ar fáil in 2022. Infheistíodh níos mó acmhainní chun rochtain ar ríomhleabhair a chur ar fáil chun freastal ar bhaill foirne atá ag obair go cianda. Bhí rochtain ar na hacmhainní seo ar fáil freisin d'fhoireann Chomhairleach ar Iasacht. Cuireadh roinnt seirbhísí feasachta reatha ar fáil don fhoireann ar bhonn rialta i rith 2022 agus feabhsaíodh ceann de na príomhsheirbhísí feasachta reatha tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí.

I gcomhar le comhghleacaithe in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, lean taighdeoirí dlí orthu ag ullmhú athbhreithnithe leanúnacha ar Rialacháin Sláinte COVID-19 a foilsíodh ansin ar an suíomh gréasáin gov.ie.

Lean blag dlí (inmheánach) an OAA ag feidhmiú mar uirlis bainistithe eolais dhlíthiúil don OAA, trí phostálacha ar raon leathan ábhar dlí ó bhaill foirne an OAA (Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht san áireamh). Tháinig Coiste gníomhach Blag Dlí ar a raibh foireann Shráid Mhuirfean agus Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht le chéile go rialta

trí ardán cumarsáide digití chun an clár postálacha a bhí beartaithe don bhlag a chur chun cinn.

Mar chuid de thiomantas leanúnach an OAA do Bhainistiú Eolais (BE), d'fhorbair an Coiste BE suirbhéanna saincheaptha chun aiseolas a bhailiú ó bhailí foirne an OAA agus ó Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht maidir le BE. Beidh an t-aiseolas seo mar bhunús leis an gcéad Straitéis Bainistithe Eolais eile de chuid an OAA.

Lean fóraim inmheánacha do chomhroinnt eolais dhlíthiúil (saincheisteanna dlí, saincheisteanna dlí an AE & Grúpa Soláthar Oiliúna & Grúpa Oiliúna ODP) d'fhoghlaim agus oiliúint dhlíthiúil leanúnach a sholáthar ar líne. Reáchtáladh deich n-imeacht ar raon leathan topaicí in 2022 agus bhí freastal mór orthu ar líne.

Lean an OAA ar aghaidh ag cur feabhas ar ghabháil, roinnt agus inrochtaineacht saineolais dhlíthiúil trí fhorbairt leanúnach agus cur chun cinn an bhunachair sonraí saineolais dhlíthiúil. Tairgeadh oiliúint do gach ball foirne dlí nua ar an bpríomhbhunachar sonraí seo mar chuid den chlár ionductúcháin a chuir an tSeirbhís Leabharlainne & Taighde ar fáil. Tairgeadh oiliúint athnuachana rialta freisin don fhoireann reatha mar chuid de chlár bliantúil oiliúna scileanna faisnéise na Seirbhíse Leabharlainne & Taighde.

Le linn na bliana, lean Seirbhís Eolais & Faisnéise an OPAS uirthi ag bainistiú faisnéis dhlíthiúil inmheánach agus sheachtrach an OPAS, lena n-áirítear a seirbhís leabharlainne, acmhainní eolais agus a hinlín corparáideach. Cuireadh seirbhís leabharlainne, faisnéise dlíthiúla agus tagartha ar fáil d'fhoireann an OPAS, ar an láthair agus go cianda. Leanadh le *Feasachán Dlí* inmheánach an OPAS a scaipeadh ar gach ball foirne dlí ar bhonn seachtainiúil agus lean sraith *Lón & Foghlaim* an OPAS ag feidhmiú go rathúil ar líne. Ina theannta sin, d'fhorbair Seirbhís Eolais & Faisnéise an OPAS teimpléid chaighdeánacha d'ábhair saineolais, de réir Phlean Straitéiseach an OPAS do Bhainistiú Eolais 2021-2024.

### **Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB)**

Déanann Grúpa eISB na hOifige maoirseacht ar tháirgeadh, ar bhainistiú agus ar nuashonrú leanúnach Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB). Is stór ar líne de reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach é an eISB a dhéantar a nuashonrú go rialta agus atá ar fáil saor in aisce don phobal tríd an suíomh gréasáin [www.irishstatutebook.ie](http://www.irishstatutebook.ie). Déantar an tEolaire Reachtaíochta (ER), an t-innéacs atá ar fáil go poiblí a rianaíonn athruithe ar reachtaíocht phríomhúil (Achtanna) agus ar reachtaíocht thánaisteach (Ionstraimí Reachtúla) a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil.

Cuimsíonn an ER táblaí do gach Acht i ndiaidh 1922 agus táblaí do gach Acht roimh 1922 atá i bhfeidhm i gcónaí. Áirítear ann freisin táblaí iomlána le haghaidh ionstraimí reachtúla agus éifeachtaí reachtacha atá déanta ag ionstraimí reachtúla ón dáta reatha a shíneann siar go dtí an 1 Eanáir 1972, agus táblaí neamhiomlána roimh an dáta sin.

Foilsítear téacs iomlán an Bhunreachta le naisc le hAchtanna leasaitheacha ar an eISB freisin. Leanann an eISB de naisc dhíreacha a sholáthar ó (a) Achtanna le hAchtanna Athbhreithnithe (comhdhlúthaithe riaracháin neamhoifigiúla atá tiomsaithe ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí) nuair atá siad ar fáil agus (b) ó Acht go dtí an Bille ábhartha atá suite ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais. I gcomhréir le prionsabail na sonraí oscailte, leanann an eISB de shonraí reachtaíochta príomhúla a chur ar fáil i bhformáid XML.

Cuireann an Oifig an tAitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER) i bhfeidhm tríd an eISB. Ceanglaíonn an AER ar Bhallstáit an AE sainaitheantú chaighdeánaithe ar líne na reachtaíochta agus airíonna meiteashonraí a úsáid ina ndéantar cur síos ar gach acmhainn dhlíthiúil, rud a chumasaíonn cuardach agus malartú faisnéise dlíthiúla atá éifeachtach, níos tapúla agus éasca le húsáid.

## **Cuspóir 4: Cothromaíocht dhearfach oibre is saoil a chur chun cinn**

Tá an Oifig tiomanta do ghlacadh le deiseanna don chianobair agus obair chumaisc, chun Státseirbhís níos lúfaire agus níos freagrúla a chothú, agus caighdeáin láidre feidhmíochta agus ardleibhéil táirgiúlachta á gcothú ag an am céanna.

Ag féachaint don Chreat Polasaí Oibre Cumaisc a foilsíodh d'Eagraíochtaí Státseirbhíse, cuireadh Polasaí Oibre Cumaisc (píolótach) i bhfeidhm san OPAS in 2022. Léirigh an polasaí na héifeachtúlachtaí a gnóthaíodh le linn na paindéime agus lean sé de bhun teagmháil leanúnach le baill foirne a raibh ionchur díreach acu sa Pholasaí trí Shuirbhé Rannpháirtíochta Foirne a chomhlánú agus bhí baill foirne ó ar fud na hOifige ar Choiste do Chothromaíocht Oibre is Saoil an OPAS. Chomh maith le Polasaí Oibre Cumaisc a phíolótú ó Dheireadh Fómhair 2022, ghlac an OPAS páirt i scéim píolótach de chuid RCPSPA d'fhabhrú fleisc-ama i dtimpeallacht oibre chumaisc sa Státseirbhís, á phíolótú ar bhonn baill foirne a bheith in ann fleisc-am a chnádadh bídis ag obair ón mbaile nó san oifig.

Tá na tionscnaimh seo tar éis leathnú a dhéanamh ar shocruithe solúbtha oibre atá freagrúil do riachtanais eagraíochtúla agus fostaithe agus cuireann siad deiseanna ar fáil chun folláine fostaithe agus cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú. Cumasaíonn na socruithe feabhsaithe oibre solúbtha sealbhú tallainne agus pleanáil chomharbais

agus éascaíonn siad eispéiris chuimsitheacha fostaithe i dtéarmaí aoise, inscne, cultúir, suímh agus socrúithe conarthacha.

## **Cuspóir 5: Cleachtais oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn**

Chuir an OAA tionscnaimh éagsúla feasachta fuinnimh agus sábhála fuinnimh i bhfeidhm i rith na bliana, mar aon le socrú a dhéanamh le haghaidh roinnt oibreacha feabhsúcháin gaolmhara ar fhoirgnimh. Chuaigh siad i mbun an Chláir Fuinnimh ag an Obair de chuid an OOP agus rinne siad monatóireacht ar úsáid fuinnimh na hOifige. Bhunaigh siad coiste Fuinnimh na hOifige freisin agus bhunaigh siad leathanach ar inlín na hOifige mar stór eolais chun gur féidir ábhar éifeachtúlachta fuinnimh a scaipeadh ar an bhfoireann. Forbraíodh an Clár Taistil Níos Cliste d'oifigí Shráid Mhuirfean agus cuireadh i bhfeidhm go céimneach é, rud a chuir Dúshlán Céimeanna Walktober chun cinn freisin.

Tá dréachtaí reachtaíochta stampáilte á gcur ar fáil go leictreonach anois ag an ODP seachas i gcóip chrua agus déantar formhór chomhfhreagras an ODP go leictreonach.

Chuaigh an OPAS i dteagmháil le gach soláthróir maidir le tionscnaimh ghlasa, le soláthairtí stáiseanáireachta in-athchúrsáilte a aimsiú, agus le hinfhaighteacht taisclann athchúrsála ar fud na hoifige a chinntiú le haghaidh páipéir, cairtchláir agus ábhar eile. Ina theannta sin, cuireadh nuashonruithe rialta in iúl d'fhoireann an OPAS maidir le húsáid fuinnimh agus cleachtais coigilte fuinnimh. Tá soilsiú coigilte fuinnimh suiteáilte ag an OPAS agus rinne sé a chóras téimh a uasghrádú.

Ina theannta sin, ag teacht le straitéis an Rialtais maidir le *digiteach ar dtús*, agus mar chuid de ghlacadh le ríomhdhlíthíocht, lean an OPAS lena chleachtas, a tionscnaíodh le linn na paidéime, maidir le táirgeadh páipéarachais cruachóipe a laghdú i gcás inar cheadaigh cúinsí ríomh-mhionteagaisc.

In 2022, d'ídigh oifigí an OAA ar Shráid Mhuirfean:

- 329 MWh leictreachais
- 291 MWh d'ollbhreoslaí gáis nádúrtha
- 25 tona breoslaí in-athnuaite (sliseanna adhmaid)

In 2022, d'ídigh oifigí an OPAS:

- 416 MWh leictreachais
- 577 MWh gáis

## **Cuspóir 6: An chumarsáid inmheánach a bharrfheabhsú**

Chomh maith le réimse imeachtaí oiliúna, foghlama agus forbartha intí, ar líne agus as líne araon, leanann an Oifig uirthi ag athbhreithniú agus ag nuashonrú a modhanna cumarsáide agus a meán cumarsáide. Chomh maith leis na moil sonraí inmheánacha ar líne faoi seach san OPAS agus in Oifigí Shráid Mhuirfean, úsáidtear raon fóram inmheánach chun eolas agus taithí a roinnt. Cuireann aonaid chorparáideacha forbairtí in iúl go rialta maidir leis na tionscnaimh éagsúla a leagtar amach in áiteanna eile.

Bhunaigh aonaid acmhainní daonna líonra le piaraí ar fud na hoifige agus le hoifigí dlí eile chun plé agus comhroinnt eolais a dhéanamh ar chúrsaí acmhainní daonna atá ábhartha do chách.

## Cuid 3 Iarscríbhinní

Iarscríbhinn A  
Billí Rialtais a foilsíodh in 2022

Billí Ginearálta Poiblí

- An Bille um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia, 2022
- An Bille Leithreasa, 2022
- An Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), 2022
- An Bille um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022
- An Bille um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 2022
- Bille an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2022
- An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2022
- An Bille um an nGeilleagar Ciorclach, Bainistiú Dramhaíola (Leasú) agus Forbairt Mianraí (Leasú), 2022
- An Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An Bille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) (Leasú), 2022
- An Bille Iomaíochta (Leasú), 2022
- An Bille um Chreidmheas do Thomhaltóirí (Leasú), 2022
- An Bille um Chearta Tomhaltóirí, 2022
- An Bille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An Bille um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2022
- An Bille um Chomhar Creidmheasa (Leasú), 2022
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Foréigean nó Fuath a Ghríosú nó Cionta Fuatha), 2022
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An Bille um Fhorbairt (Giniúint Éigeandála Leictreachais), 2022
- An Bille Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022
- An Bille um EirGrid, Leictreachas agus Móin (Leasú), 2022
- An Bille um Athchóiriú Toghcháin, 2022
- An Bille um Bearta Éigeandála maidir le Costais Leictreachais (Cuntais Leictreachais Tí) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022
- An Bille um Bearta Éigeandála maidir le Costais Leictreachais (Cuntais Leictreachais Tí), 2022
- An Bille um Cheadanna Fostaíochta, 2022
- An Bille um Barántas Gabhála Eorpach (Leasú), 2022
- Bille na gCúirteanna Teaghlaigh, 2022
- An Bille Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An Bille Airgeadais, 2022
- An Bille um Rialáil Cearrbhachais, 2022
- Bille an Gharda Síochána (Leasú), 2022
- Bille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2022
- An Bille Sláinte (Atáirgeadh Daonna Cuidithe), 2022



- An Bille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2), 2022
- An Bille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An Bille Árachais Sláinte (Leasú), 2022
- Bille an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022
- An Bille um Fhíochán Daonna (Trasphlandú, Scrúdú Iarbháis, Scrúdú Anatamaíoch agus Taispeáint Phoiblí), 2022
- An Bille um Adhlacthaí Institiúideacha, 2022
- An Bille Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2022
- An Bille Rialtais Áitiúil (Cosaint Máithreachais agus Bearta Eile le haghaidh Comhaltáí d'Údaráis Áitiúla), 2022
- An Bille um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán, 2022
- An Bille um Fhorais Chultúir Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) (Leasú), 2022
- An Bille um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú), 2022
- An Bille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022
- An Bille um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022
- An Bille fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, 2022
- An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2), 2022
- An Bille um Pleanáil agus Forbairt agus um Imeall Trá (Leasú), 2022
- An Bille um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022
- An Bille um Íocaíochtaí Iomarcaíochta (Leasú), 2022
- An Bille um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2022
- An Bille um Rialáil Soláthraithe Oibreacha Tógála, 2022
- An Bille um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Concréite Lochtach, 2022
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Dátaí Foirceanta Tionóntachtaí Áirithe a Iarchur), 2022
- An Bille um Scagadh Idirbhearta Tríú Tíortha, 2022
- An Bille um Shaoire Bhreitheachta, 2022
- An Bille Leasa Shóisialaigh, 2022
- An Bille um Thailte Éireann, 2022
- An Bille um Chomhshaol Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), 2022
- An Bille um Sheirbhísí Uisce (Leasú) (Uimh. 2), 2022
- An Bille um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022

## Iarscríbhinn B

### Billí Rialtais a achtaíodh in 2022

#### Achtanna Ginearálta Poiblí

- An tAcht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 2022
- An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe agus um Fhoraoiseacht (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An tAcht Leithreasa, 2022
- An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), 2022
- An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022
- An tAcht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 2022
- An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2022
- An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022
- An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) (Leasú), 2022
- An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2022
- An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí (Leasú), 2022
- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola agus Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil), 2022
- An tAcht um Chearta Tomhaltóirí, 2022
- An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2022
- An tAcht Fórsaí Cosanta (Fianaise), 2022
- An tAcht um Fhorbairt (Giniúint Éigeandála Leictreachais), 2022
- An tAcht Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022
- An tAcht um EirGrid, Leictreachas agus Móin (Leasú), 2022
- An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022
- An tAcht um Bearta Éigeandála maidir le Costais Leictreachais (Cuntais Leictreachais Tí) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022
- An tAcht um Bearta Éigeandála maidir le Costais Leictreachais (Cuntais Leictreachais Tí), 2022
- An tAcht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An tAcht Airgeadais, 2022
- Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2022
- Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022
- Acht an Gharda Síochána (Feidhmeanna agus Limistéir Oibríochta), 2022
- An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2), 2022
- An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2022
- Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022
- An tAcht um Adhlacthaí Institiúideacha, 2022

- An tAcht Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Cosaint Máithreachais agus Bearta Eile le haghaidh Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla), 2022
- An tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2022
- An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Leasú), 2022
- An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022
- An tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022
- An tAcht fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, 2022
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt agus um Imeall Trá (Leasú), 2022
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, Nithe Muirí agus Luacháil (Leasú), 2022
- An tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022
- An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta (Leasú), 2022
- An tAcht um Rialáil Soláthraithe Oibreacha Tógála agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022
- An tAcht um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Concréite Lochtach, 2022
- An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Dátaí Foirceanta Tionóntachtaí Áirithe a Iarchur), 2022
- An tAcht Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022
- An tAcht um Shaoire Bhreiteachta, 2022
- An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2022
- An tAcht um Thailte Éireann, 2022
- An tAcht um Chomhshaol Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), 2022
- An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2022

Iarscríbhinn C

Vóta 3: Oifig an Ard-Aighne

Toradh Sealadach 2022 agus Meastachán do 2022 agus 2023

Meastachán agus Toradh Sealadach do 2022 agus Meastachán ar an méid a theastaíonn sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 do thuarastail agus do chostais Oifig an Ard-Aighne lena n-áirítear deontas

	<b>Seirbhís</b>	<b>Soláthar Meastacháin</b>	<b>Toradh Sealadach</b>	<b>Soláthar Meastacháin</b>
	<b>Riarachán</b>	<b>2022</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	14,308	13,007	15,756
A2 (i)	Taisteal agus Cothabháil	240	110	240
A2 (ii)	Oiliúint & Forbairt & Costais Theagmhasacha	700	551	750
A2 (iii)	Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	125	92	125
A2 (iv)	Trealamh Oifige & Seirbhísí Seachtracha TF	700	1,007	1,154
A2 (v)	Costais Áitribh Oifige	208	116	310
A2 (vi)	Seirbhísí Comhairleoireachta & Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead	35	22	35
A2 (vii)	Saineolas Dlíthiúil Conartha	2,710	447	2,100
	<b>Fo-iomlán</b>	<b>19,026</b>	<b>15,352</b>	<b>20,470</b>
	<b>Seirbhísí Eile</b>			
A3	Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	54	57	58
A4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair)	2,781	2,316	2,883
A5	Costais Ghinearálta Dlí	130	36	130
A6	Comhdhlúthú agus Athbhreithniú ar Dhlíthe Pleanála	12,000	2,684	4,000
	<b>Oll-iomlán</b>	<b>33,991</b>	<b>20,445</b>	<b>27,541</b>
	<b>Le hAsbhaint</b>			
B	Leithreasáí-i-gCabhair	(705)	(631)	(705)
	<b>Iomlán Glan</b>	<b>16,754</b>	<b>19,814</b>	<b>26,836</b>

## Vóta 6: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

### Toradh Sealadach do 2022 agus Meastachán do 2022 agus 2023

Meastachán agus Toradh Sealadach do 2022 agus Meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 do thuarastail agus do chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	<b>Seirbhís</b>	<b>Soláthar Meastacháin</b>	<b>Toradh Sealadach</b>	<b>Soláthar Meastacháin</b>
		<b>2022</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
	<b>Riarachán</b>			
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	24,795	22,538	26,676
A2(ii)	Taisteal agus Cothabháil	90	63	90
A2(iii)	Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha	1,038	1,075	1,038
A2(iv)	Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	310	333	310
A2(v)	Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile agus Seirbhísí Gaolmhara	1,005	1,163	1,005
A2(vi)	Costais Áitribh Oifige	250	123	250
A2(vii)	Seirbhísí Comhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Pholasáí	100	78	100
	<b>Fo-iomlán</b>	<b>27,588</b>	<b>25,373</b>	<b>29,469</b>
	<b>Seirbhísí Eile</b>			
A3	Seirbhísí Seachtracha Dlí	220	221	220
A4	Táillí Abhcóidí	21,500	19,143	19,500
A5	Costais Ghinearálta Dlí	1,200	705	1,200
	<b>Oll-iomlán</b>	<b>50,508</b>	<b>45,442</b>	<b>50,389</b>
	<b>Le hAsbhaint</b>			
B	Leithreasaí-i-gCabhair	850	996	891
	<b>Iomlán Glan</b>	<b>48,658</b>	<b>44,446</b>	<b>49,498</b>

## Iarscríbhinn D

### Ráitis agus Tuarascálacha i leith Cleachtais Íocaíochta 2022

Oifig an Ard-Aighne

#### Ginearálta

Chomhlíon íocaíochtaí iomchuí a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála).

#### Íocaíochtaí Déanacha

Rinneadh íocaíochtaí iomlána de €2,404,453.24 in 2022 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo.

Tharla trí chás d'ús Íocaíochta Pras arbh ionann é agus €29.08 a tabhaíodh i rith na bliana.

#### Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa leo ó Eanáir go Nollaig 2022

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad	€2,404,453.24
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 ar fad)	Nialas
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320)	€ 26,382.27
Luach na nÍocaíochtaí déanacha mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	1.1%
An líon Íocaíochtaí déanacha os cionn €320	3
An méid úis a íocadh	€29.08
An méid úis mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	0.0012%
Meán léiriú ar fhad ama na moilleanna	4.33 lá

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), maidir le híocaíochtaí a rinne an Oifig seo, nó a rinneadh thar a ceann, gan an párolla agus caiteachais áirithe eile de chuid na hOifige a áireamh. Maidir leis an líon beag cásanna nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí cuí úis.

### Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa leo ó Eanáir go Nollaig 2022

Luach iomlán na n-íocaíochtaí uile	€3,731,547.13
Luach iomlán na n-íocaíochtaí deireanacha ar fad (faoi bhun €320 san áireamh)	€2,942.98
Luach iomlán na n-íocaíochtaí deireanacha ar fad (os cionn €320)	€8,805.06
Luach na n-íocaíochtaí deireanach mar % de na híocaíochtaí ar fad	.315%
Líon na n-íocaíochtaí deireanach os cionn €320	7
Méid úis a íocadh	€1,180.97
Méid úis mar % de na híocaíochtaí iomlána	0.0316%
Léiriú leathan ar fhad na moilleanna	46 lá

Iarscríbhinn E  
Miondealú Foirne

	<b>Fir</b>	<b>Mná</b>	<b>% Fir</b>	<b>% Mná</b>
Ard-Rúnaí	1	2	33%	67%
Leas-Ard-Rúnaí	0	1	0%	100%
Rúnaí Cúnta	7	8	47%	53%
PO	21.8	40.5	35%	65%
POC	64.8	125.9	34%	66%
AOF (& AFD)	15.8	15.5	50%	50%
OR	2	2	50%	50%
OF	17	23.4	42%	58%
Ofo (Feidhmeannach Dlí)	6	3.8	61%	39%
OC	32	60.7	35%	65%
Oifigeach Seirbhísí	4	0	100%	0%



Iarscríbhinn F  
Staitisticí Saorála Faisnéise 2022

<b>Iarratais</b>	
Iarratais a Fuarthas	32
Tugtha ar aghaidh ó 2021	6
Ceadaithe	4
Páirt-Cheadaithe	9
Diúltaithe	24
Iarratais nach raibh socraithe ag deireadh na bliana	1
Athbhreithnithe Inmheánacha	5
Táillí a Fuarthas	€150
<b>Cineál Iarrthóra</b>	
Iriseoir	17
Oireachtas	0
Ball Foirne	0
Eile	15
Ailt den Acht a rabhthas ag brath orthu agus iarratais á gceadú i bpáirt nó á ndiúltú	15(1), 29(1), 30(1), 31(1), 32(1), 33(1) agus (3), 36(1), 37(1), 40(1) agus 42(f) agus (g)